

TÚSLA
An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach

EARLY YEARS INSPECTORATE

**Beartais, Nósanna
Imeachta agus
Ráitis a Fhorbairt i
Seirbhísí Oideachas
agus Chúram na
Luath-Óige**

Treoir Phraiticiúil



Cóipcheart © Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2018

Ba cheart an creat seo a lua mar:

Tusla (2018) *Beartaís, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí Oideachas agus Chúram na Luath-Óige - Treoir Phraiticiúil*, Baile Átha Cliath: An Chigireacht Luathbhlianta, Tusla.

Clár Ábhar

Brollach	v
Faisnéis faoin treoír seo	vii
Mír 1: Na freagrachtaí atá ort faoin dlí agus na rialacháin	1
Beartais, nósanna imeachta agus ráitis a cheanglaítear i rialacháin	3
Riachtanais reachtaíochta agus rialála eile	4
Mír 2: Bheith eolach ar an tábhacht a bhaineann le beartais, nósanna imeachta agus ráitis i dtaobh cleachtas ardchaighdeán	7
Beartais, nósanna imeachta agus ráitis atá leanbhlárnach a fhorbairt	8
An fáth go mbaineann tábhacht le beartais, nósanna imeachta agus ráitis	9
Mír 3: Tosca a imríonn tionchar ar bheartais	13
Gnás agus cleachtas	14
Luachanna	14
Fealsúnacht, éiteas agus fíis	15
Ráiteas misin	16
Prionsabail	17
Tosca eile a imríonn tionchar ar bheartais agus nósanna imeachta	17
Mír 4: Pleanáil agus próiseas d'fhorbairt beartais	21
Freagracht as beartais	22
Beartais, nósanna imeachta agus ráitis bhunriachtanacha	23
Ráiteas um Chosaint Leanaí	24
Beartais agus nósanna imeachta inmhianaithe	25
Comhairliúchán – na daoine ar cheart dóibh bheith bainteach i mbeartais a fhorbairt	26
Tosca ar cheart breithniú a dhéanamh orthu do gach beartas	28
An próiseas forbartha beartais	30
Conas beartas a fhormáidiú	31
Mír 5: Conas beartais a chur in iúl agus a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach	33
Beartais a chur in iúl do chomhaltaí foirne	34
Tacú le cur i bhfeidhm beartais i bhfoireann	36
Cuir do bheartais in iúl do thuismitheoirí agus caomhnóirí	37
Fillteán nó lámhleabhar beartais	40

Mír 6: Beartais a athbhreithniú

43

Conas beartais a athbhreithniú

44

Aguisíní

49

Aguisín 1: An bhileog oibre luachanna a shainaithint

50

Aguisín 2: Bileog oibre athbhreithnithe beartais

52

Aguisín 3: Cruinnithe foirne athbhreithnithe beartais

55

Foinsí breis faisnéise

57

Brollach

I Meitheamh 2018, d'fhoilsigh Cigireacht Luathbhlianta Tusla (CLT) a Chreat Cáilíochta agus Rialála (CCR). Forbraíodh an creat seo i gcomhairle leis an earnáil OCLÓ, agus bhí sé curtha ar an eolas ag dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leagfar amach ann léirmhíniú an CLT ar na Rialacháin Luathbhlianta 2016 agus na coinníollacha faoina ndéanfaidh an CLT measúnú ar sheirbhísí féachaint go gcomhlíonann siad na rialacháin seo.

Cuirfidh an creat seo comhsheasmhacht níos fearr chun cinn sa bhealach a thugaimid faoi chigireachtaí. Anuas air sin, feidhmeoidh sé mar acmhainn luachmhar lena thaispeáint do sholáthraithe seirbhíse an méid is gá dóibh a dhéanamh chun na rialacháin a chomhlíonadh.

Dúshlán nach beag faoi na Rialacháin Luathbhlianta 2016 is ea gur gá do gach soláthraí seirbhíse réimse fairsing beartas, nósanna imeachta agus ráiteas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bhaineann go sonrach lena seirbhís.

In aghaidh an chúlra seo, táimid tiomanta do chabhair agus oiliúint shonrach a sholáthar lena chinntiú gur féidir le seirbhísí na rialacháin a chomhlíonadh. Chun seo a bhaint amach, tacaíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige leis an CLT. Oibreoimid agus comhoibreoimid, chomh maith, lenár bpáirtithe leasmhara OCLÓ sa limistéar seo.

Agus aird air seo, d'fhorbair an CLT, i gcomhar le Barnardos, an cháipéis seo mar threoir phraiticiúil chun cabhrú le na beartais éagsúla a fhorbairt agus a scríobh. Ina theannta sin, rinneadh samplaí agus teimpléid do bheartais, nósanna imeachta agus ráitis a fhorbairt agus tá fáil orthu ar líne.

Tá iad seo ar fáil ag:

- » www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/ agus
- » www.barnardos.ie/early-years-policies.html.

Má sholáthraíonn tú seirbhís réamhscoile, tá ort an treoir seirbhís réamhscoile agus na samplaí agus teimpléid beartais ar líne a léamh, anuas ar an CCR a bhaineann le saghas na seirbhíse a sholáthraíonn tú.


Tá an earnáil OCLÓ ag teacht chun cinn go tapa. Tá súil againn leis go ndéanfaidh an CCR ár n-iarrachtaí a threisiú chun feabhas a chur ar cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí a sholáthraítear do leanaí i suíomhanna luathbhlianta.

Chuir rialáil fheabhsaithe feabhas cheana féin ar chaighdeáin ar fud na hearnála. Ina ainneoin sin, tá freagracht orainn go léir cur leis na feabhsúcháin seo lena chinntiú go mbaineann leanaí taitneamh as aois an pháiste atá sábháilte, sona agus sásúil i ngach ceann de na suíomhanna. Tá súil againn go mbeidh an treoir seo mar acmhainn tagartha atá praiticiúil agus tacúil fad a dhéanaimid go léir dícheall chun na torthaí seo a bhaint amach.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le Marie Willoughby agus Sinéad Lawton, le Barnardos, as an gcabhair mhór a thug siad chun an treoir seo a fhorbairt agus as na samplaí ar líne agus na cáipéisí teimpléid. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh, chomh maith, le Helen Rouine, ár mBainisteoir Feabhsaithe Cáilíochta in Tusla, as an obair a rinne sí chun tacú le forbairt na treorach seo.

Léiríonn an comhoibriú idirghníomhaireachta ónar eascair an treoir seo a éifeachtaí is féidir le cur chuige comhpháirtíochta a bheith. Chabhraigh sé linn sraith chuimsitheach de cháipéisí treorach a fhorbairt atá cuí agus tacúil agus ina sainithnítear nuair a bhíonn leibhéal réasúnta de sholúbthacht bunriachtanach.

Tá an chigireacht ag tnúth le comhoibriú breise leis an earnáil agus páirtithe leasmhara chun na tacaíochtaí a theastaíonn a chruthú chun foghlaim a sholáthar a imreoidh tionchar dearfach ar eispéiris leanaí sna suíomhanna a ndéanaimid cigireacht orthu.



Brian Lee
Stiúrthóir Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta
Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus
an Teaghlach



Fiona McDonnell
Bainisteoir Náisiúnta
An Chigireacht Luathbhlianta
Tusla – an Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach

Faisnéis faoin treoir seo

Cabhróidh an treoir seo leat nuair a theastaíonn uait beartais, nósanna imeachta agus ráitis nua a fhorbairt nó beartais, nósanna imeachta agus ráitis reatha a leasú do do sheirbhís luathbhlianta.

Tugtar cuntas sa treoir seo ar an bhfáth a bhfuil beartais tábhachtach. Insítear duit an méid seo a leanas, chomh maith:

- » Cén beartais a theastaíonn;
- » An méid ar gá machnamh a dhéanamh air;
- » Cé ar cheart dó/di a bheith bainteach;
- » An áit a bhfuil eolas agus acmhainní ar fáil;
- » Conas beartais agus nósanna imeachta a fhormaídiú agus a struchtúró;
- » Cé leis ar cheart iad a roinnt; agus
- » Conas is fearr seo a dhéanamh.

Moltar ann, chomh maith, próiseas is féidir leat a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar do bheartais reatha.

Trí úsáid a bhaint as an treoir seo, cabhróidh sé leat sraith chuimsitheach de bheartais, nósanna imeachta agus ráitis mhionsonraithe a fhorbairt. Tacaíonn agus cuireann an treoir seo leis na croí-riachtanais do na beartais, nósanna imeachta agus ráitis a leagtar amach faoi Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016. Leagtar iad seo amach i gCreat Cáilíochta agus Rialála Tusla.

Ní theastaíonn an méid céanna de bheartais nó an méid céanna de shonraí ó gach suíomh. Braitheann saghas na mbeartas, na nósanna imeachta agus na ráiteas a theastaíonn uait do do sheirbhís ar leith ar mhéid, saghas agus comhthéacs na seirbhíse luathbhlianta a sholáthraíonn tú. Caithfidh do bheartais a bheith cuí maidir le do shuíomh agus an tseirbhís a sholáthraíonn tú.

Gabhann sraith samplaí agus teimpléad do bheartais, nósanna imeachta, ráitis leis an treoir seo, chomh maith le leideanna chun cabhrú leat iad a fhorbairt do do sheirbhís. Féadfaidh tú teacht orthu seo ar líne ag:

- » www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/ agus
- » www.barnardos.ie/early-years-policies.html

Cuirtear ar fáil iad chun cabhrú leat beartais ar chaighdeán maith agus chomhsheasmhacha a fhorbairt chun na ceanglais rialála a shásamh agus chun tacú le soláthar seirbhíse ardchaighdeáin araon.

Áirítear le gach sampla míniú ar an bhfáth go dteastaíonn sé uait agus ar na rudaí is gá duit a bhreithniú nuair a bhíonn do bheartas féin á chruthú agat.

Áirítear le gach sampla, chomh maith:

- » Liosta de na creataí ábhartha rialála agus cáilíochta;
- » Ábhar a mholtar a chuimsiú i do ráitis bheartais agus na nósanna imeachta gaolmhara; agus
- » Nósanna imeachta chun do bheartais a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm.

Iarrtar ort caitheamh leis na beartais shamplacha díreach amhlaidh – mar shamplaí. Tá ort iad a chur in oiriúint do riachtanais ar leith do sheirbhíse.

Tá an treoir seo, agus na samplaí agus teimpléid ghaolmhara do beartais, nósanna imeachta agus ráitis scríofa againn chun tacú leat machnamh a dhéanamh ar do chleachtas. Taispeántar ann conas is féidir leat sraith chuimsitheach de bheartais, nósanna imeachta agus ráitis a fhorbairt chun na ceanglais rialála a shásamh agus chun tacú leat seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar.

Mír 1

.....

**Na freagrachtaí atá ort
faoin dlí agus na rialacháin**

Mar sholáthraí seirbhísí oideachas agus chúram na luath-óige, cuireann tú seirbhís bhunriachtanach ar fáil do leanaí, a dteaghlaigh agus an tsochaí. Cuirtear seirbhísí ardchaighdeán ar fáil i gcomhar le tuismitheoirí arb iad, dar ndóigh, chéad chaomhnóirí, cúramóirí agus oideachasóirí a leanaí agus iad siúd is tábhachtaí.

Is é an ról atá agat agus an fhreagracht atá ort nuair a sholáthraíonn tú na seirbhísí seo ná oibriú as lámh tuismitheoirí nó caomhnóirí chun freastal ar riachtanais chúraim, oideachais agus forbartha saoránach is óige sa tsochaí ag an tráth sin den saol a mbaineann ríthábhacht lena n-eispéiris agus deiseanna agus an tráth sin inar féidir leo an tionchar is mó a imirt ar a saol.

Oibríonn soláthraithe seirbhísí oideachas agus chúram na luath-óige in Éirinn in earnáil atá ag éirí níos gairmiúlaithe i gcónaí. Tá go leor freagrachtaí agus freagrachtaí ilchineálacha, ceanglais dhlíthiúla agus dúshlán ann atá le pleanáil agus le hullmhú dóibh.

An 4 Bealtaine 2016, d'fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016. Foilsíodh Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú), 2016 an 20 Nollaig 2016. Tugtar na Rialacháin Luathbhlianta 2016 ar na Rialacháin seo i dteannta a chéile.

Tugtar sainmhíniú i gCuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 ar sheirbhís réamhscoile amhail bheith mar sheirbhís a sholáthraíonn seirbhís réamhscoile, nó seirbhís ar aois scoile. Ciallaíonn seirbhís réamhscoil, i gcomhréir leis an Acht, aon réamhscoil, grúpa súgartha, naíolann lae, crèche, seirbhís cúram lae nó a mhacasamhail de sheirbhís a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile. Is é an sainmhíniú a thugtar san Act ar leanbh réamhscoile leanbh atá faoi shé bliana d'aois, agus nach bhfuil ag freastal go fóill ar scoil aitheanta.

Ní bhaineann an Creat Cáilíochta agus Rialála (an CCR) ach le seirbhísí luathbhlianta cláraithe a sholáthraítear do leanaí faoi aois sé bliana.

Faoin dlí, tá dualgas ar Tusla – an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí a chinntiú a fhreastalaíonn ar sheirbhísí luathbhlianta, idir sheirbhísí móra agus beaga. Chun tabhairt faoin bhfreagracht sin, déanann cigirí Tusla cigireacht rialta ar sholáthraithe seirbhíse. Is iad na Rialacháin Luathbhlianta 2016 na Rialacháin is ábhartha a chuirtear i bhfeidhm i rith na gcigireachtaí seo.

Beartais, nósanna imeachta agus ráitis a cheanglaítear i rialacháin

Leagtar amach na beartais, nósanna imeachta agus ráitis a theastaíonn do gach seirbhís luathbhlianta faoi Rialachán 10 i Sceideal 5 de na Rialacháin. Tá 21 ceann díobh seo ann. Ráiteas cuspóra agus feidhme atá sa chéad cheann. Ansin tá 20 limistéar nach mór duit beartais a bheith i bhfeidhm iontu. Is iad seo:

- » Ráiteas cuspóra agus feidhme;
- » Gearáin;
- » Cógas a dháileadh;
- » Rialú ionfhabhtuithe;
- » Iompar a bhainistiú;
- » Codladh sábháilte;
- » Sábháilteacht ó dhóiteán;
- » Cuimsiú;
- » Turais nuair a thugtar leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar na turais seo;
- » Timpistí agus teagmhais;
- » Údarú chun leanaí a bhailiú;
- » Bia sláintiúil;
- » Súgradh taobh amuigh;
- » Seirbhísí thar oíche nuair is seirbhís réamhscoile thar oíche an tseirbhís;
- » Asláithreacht foirne;
- » Úsáid an Idirlín agus gléasanna grianghrafadóireachta agus taifeadta;
- » Earcaíocht;
- » Bainistíocht riosca;
- » Socrú isteach;
- » Oiliúint foirne; agus
- » Maoirseacht.

Tábhachtach

Faoi Rialachán 6, caithfidh seirbhísí Ráiteas Sábháilteachta a bheith acu sular féidir leo clárú le Tusla.

Croíriachtanais rialála

Leagtar amach i gCreat Cáilíochta agus Rialála Tusla na croíriachtanais rialála do sholáthraithe seirbhísí luathbhlianta. Cabhraíonn sé leo tuiscint a fháil ar an méid seo a leanas:

- » conas a léirtheigeann an Chigireacht Luathbhlianta na Rialacháin Luathbhlianta 2016 i gcleachtas; agus
- » conas na Rialacháin a chomhlíonadh.

Ba cheart treoir sa leabhar seo a úsáid sa mhullach ar an CCR.

Riachtanais reachtaíochta agus rialála eile

Anuas ar bheith eolach ar na Rialacháin Luathbhlianta 2016 agus iad a chomhlíonadh, tá roinnt riachtanais thábhachtacha eile ann sa dlí agus i rialacháin eile is gá duit a chur i bhfeidhm. Áirítear leo seo:

- » Cosaint leanaí;
- » Fostaíocht agus acmhainní daonna;
- » Sláinte agus sábháilteacht;
- » Sláinteachas bia;
- » Cosaint sonraí;
- » Foirgneamh;
- » Pleanáil agus an timpeallacht;
- » Airgeadas;
- » Bainistíocht agus rialachais; agus
- » Comhionannas.

Tá an fhreagracht ar an soláthraí seirbhíse coimeád cothrom le dáta leis na hathruithe go a thagann ar an reachtaíocht ábhartha, na creataí rialála agus cáilíochta agus treoirlínte go léir. Caithfidh tú a chinntiú, chomh maith, go léirítear iad seo go cruinn i do bheartais, nósanna imeachta agus ráitis.

Leagtar sna rialacháin an fhreagracht ort as beartais, nósanna imeachta agus ráitis ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, mar sholáthraí seirbhíse luathbhlianta, spreagtar thú agus tacaítear leat níos mó agus níos mó i gcónaí chun tabhairt faoi níos mó cleachtas athmhachnaimh. Cuid thábhachtach de chleachtas ardchaighdeán, forbairt beartais agus cur i bhfeidhm beartais is ea athmhachnamh ar chleachtas.

Déan breithniú ar an gcomhthéacs níos fairsinge

Anuas ar na ceanglais rialála a chomhlíonadh, tá ort, mar sholáthraí seirbhíse luathbhlianta, breithniú a dhéanamh ar an gcomhthéacs níos fairsinge ina n-oibríonn do sheirbhís. Baineann tábhacht ar leith leis seo a dhéanamh nuair a bhíonn beartais, nósanna imeachta agus ráitis á bhforbairt agat.

Ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar an réimse d'acmhainní náisiúnta tacaíochta atá ar fáil, ar nós an mhéid seo a leanas:

- » Síolta: An Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige;
- » Aistear: Creat an Churaclaim Luath-Óige;
- » Treoir Chleachtais Aistear Síolta; agus
- » Tús Níos Fearr

Ba cheart duit breithniú a dhéanamh, chomh maith, ar an iomaí acmhainn agus tacaíocht cáilíochta eile atá ar fáil ó Choistí Cúram Leanaí Contae agus Cathrach agus ó na hEagraíochtaí Deonacha ábhartha. Coimeádann gach ceann de na hacmhainní agus tacaíochtaí seo an leanbh ag lár cleachtas ardchaighdeáin agus aithníonn siad an tábhacht a bhaineann le heispéiris ardchaighdeáin luath-óige.

Tá sé bunriachtanach go leanann tú a bheith eolach ar na forbairtí go léir a thagann ar an earnáil luathbhlianta nuair a bhíonn beartais, nósanna imeachta agus ráitis á bhforbairt agat. Cuimseofar i mbeartais ar chaighdeán maith na forbairtí, an t-eolas agus an fhaisnéis is cothroime le dáta.

Mír 2

.....

**Bheith eolach ar an
tábhacht a bhaineann
le beartais, nósanna
imeachta agus ráitis
i dtaobh cleachtas
ardchaighdeáin**

Beartais, nósanna imeachta agus ráitis atá leanbhlárnach a fhorbairt

Ceanglaítear i Rialachán 19 de na Rialacháin Luathbhlianta 2016 go nglacann soláthraithe seirbhíse le freagracht as sláinte, leas agus forbairt an linbh. Baintear seo amach trí chlár agus agus cleachtais chúraim chuí a chur i bhfeidhm a thacaíonn le foghlaim, forbairt agus folláine gach linbh. Ba cheart go gcuirfeadh sé ábhair spéise agus riachtanais aonair gach linbh san áireamh. Tacaíonn beartais, nósanna imeachta agus ráitis mhaithe leis an gclár sin a chur i bhfeidhm.

Is tábhachtach sraith chuimsitheach de bheartais a bheith ann ina bhfuil nósanna imeachta mionsonraithe. Cuireann iad seo treoir ar fáil maidir le cleachtas ardchaighdeán do gach duine atá bainteach le do sheirbhís a sholáthar. Ní dhéantar seo díreach chun ceanglais rialála a chomhlíonadh, ach chun soláthar comhsheasmhach agus ardchaighdeán in aon suíomh luathbhlianta a chinntiú.

Baineann olltábhacht le seirbhís ar chaighdeán maith a sholáthar do leanaí óga maidir lena bhfolláine, foghlaim agus forbairt; ní hamháin fad a fhreastalaíonn siad ar an tseirbhís, ach don chuid eile dá saol. “Maireann aois an pháiste an saol” (Barnardos) agus is amhlaidh a mhaireann an luath-óige.

Tráth an-tábhachtach i rith saol linbh is ea an tráth ó bhreith go dtí sé bliana d’aois. Tugann taighde le fios go mbaineann ríthábhacht leis na luathbhlianta seo i dtaobh forbairt inchinne. Forbraíonn an inchinn níos tapúla i rith na mblianta seo ná mar a fhorbraíonn sí ag aon tréimhse ina dhiaidh sin. Is eol dúinn go n-imríonn timpeallacht agus eispéiris luatha an linbh tionchar suntasach ar an bhforbairt seo. Tá seo ar cheann de na príomhchúiseanna go mbaineann an oiread sin bunriachtanais le cleachtas ar chaighdeán maith i suíomh luathbhlianta agus go dtacaíonn beartais, nósanna imeachta agus ráitis mhaithe leis an gcleachtas sin.

Baineann bunriachtanas le caighdeán cúram agus luathfhoghlama leanaí i dtaobh a sonais agus a bhfolláine ‘láithreach bonn’ agus chun bunchlocha a leagan dá dtodhchaí.

Caithfidh gurb iad riachtanais agus cearta gach linbh a bheith ar an gcéad rud a dhéanann tú a chur san áireamh san oideachas agus cúram luath-óige a sholáthraíonn tú. Tá sé bunriachtanach go bhfuil na seirbhísí luathbhlianta go léir a sholáthraíonn leanbhlárnach sna limistéir seo a leanas:

- » Éiteas;
- » Beartais;
- » Cleachtais;
- » Cúram;
- » Curaclam;
- » Áitreabh; agus
- » An timpeallacht.

Caithfear a áireamh leis seo meonta, luachanna agus fíis iad siúd atá freagrach as soláthar.

Luaitear i, Airteagal 3.1 de Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh go gcaithfear an príomhbhreithniú i measc na mbeartas go léir a bhaineann le leanaí a dhéanamh ar shárleasanna an linbh.

Is tábhachtach go mbíonn cur amach ag gach soláthraí cláraithe seirbhísí ar Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh (an CNAC). Shínigh Éire leis an CNACL i 1992 agus is féidir leat níos mó faisnéise a fháil faoi ón dá nasc seo a leanas: www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/ agus www.barnardos.ie/early-years-policies.html

An fáth go mbaineann tábhacht le beartais, nósanna imeachta agus ráitis

Tá beartais, nósanna imeachta agus ráitis do sheirbhíse ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí is féidir a úsáid chun:

- » do phrionsabail (bunaithe ar fhianaise);
- » do luachanna comhaontaithe; agus
- » ceanglais reachtaíochta agus rialachán

a iompú ina chleachtas ardchaighdeáin.

Beartas

Is ionann beartas agus ráiteas prionsabal, luachanna nó rúin a threoraíonn cinntí agus gníomhartha, nó (níos minice) a dheimhníonn na cinntí agus na gníomhartha sin a dhéanann tú chun spriocanna seirbhíse a bhaint amach.

Cabhraíonn beartais lena chinntiú go nglacann tú le cur chuige comhsheasmhach – ar aon dul le prionsabail agus luachanna na seirbhíse – ar fud na seirbhíse. Cuireann siad bonn ar fáil duit do chinntí comhaontaithe, comhsheasmhacha agus ar a ndearnadh an machnamh ceart.

Nósanna Imeachta

Cuirtear in iúl i nósanna imeachta go beacht cén gníomh atá le déanamh, ar aon dul leis an mbeartas ábhartha. Tugtar cuntas iontu, chomh maith, ar na céimeanna atá le leanúint, nó an bealach atáthar le tabhairt faoi thasc, chun an beartas a chur i bhfeidhm.

Is féidir le nósanna imeachta soiléire scríofa teacht roimh aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun solais. Is féidir leis seo cabhrú chun an gá atá agat chun cinntí a dhéanamh faoi bhrú nó fanacht go ndéanfaidh an bhainistíocht cinneadh nuair a thagann saincheist chun solais.

Is amhlaidh atá seo mar gheall go gcuirtear an bonn atá le cinntí in iúl go soiléir. Beidh cinntí déanta cheana féin agat nuair a bhí an beartas á fhorbairt – i gcomhairle leis na daoine ábhartha go léir. Cuireann nósanna imeachta soiléire comhsheasmhacht ar fáil agus ceadaíonn siad do gach duine fios a bheith acu ar an méid is dóchúil tarlú i gcás éigin.

Ráitis

Anuas ar na he riachtanais atá le beartais agus nósanna imeachta, ceanglaítear sna Rialacháin Luathbhlianta 2016 ar sheirbhísí luathbhlianta dhá ráiteas a bheith acu:

- » Ráiteas Cuspóra agus Feidhme; agus
- » Ráiteas Sábháilteachta.

Déanann beartais, nósanna imeachta agus ráitis scríofa soiléire atá an-fheasach a bheith ann:

- » An tseirbhís a bhunú mar sheirbhís ghairmiúil agus éifeachtach;
- » Comhsheasmhacht a sholáthar;
- » Gach rud níos soiléire dóibh siúd a úsáideann do sheirbhís agus d'fhoireann araon; agus
- » Tacú le soláthar seirbhíse éifeachtach agus éifeachtúil agus é a chur chun cinn.

Nuair a bhíonn siad scríofa agus curtha i bhfeidhm, déanann siad míthuiscintí a íoslaghdú agus ceadaíonn siad do gach páirtí leasmhar a thuar conas a chaithfear agus a dhéileálfar le cásanna.

Páirtithe Leasmhara

Is iad páirtithe leasmhara do sheirbhíse na daoine siúd a n-imríonn gníomhartha, cuspóirí agus beartais na seirbhíse tionchar orthu nó a bhféadfaidís tionchar a imirt ar ghníomhartha, cuspóirí agus beartais na seirbhíse.

Is iad na príomhpháirtithe leasmhara i seirbhís oideachas agus chúram na luath-óige a ghlacann le páirt i bhforbairt beartais:

- » Bainisteoirí seirbhíse agus/nó na húinéirí nó na coistí bainistíochta.
- » Na comhaltaí foirne luathbhlianta; agus
- » Tuismitheoirí agus caomhnóirí a úsáideann an tseirbhís;
- » Na leanaí;

Is féidir le páirtithe leasmhara eile páirt a ghlacadh go díreach nó go hindíreach i mbeartas do sheirbhíse a fhorbairt. Áirítear leo seo:

- » An pobal áitiúil;
- » Gníomhaireachtaí rialála, ar nós Tusla agus FSS;
- » Gníomhaireachtaí ábhartha tacaíochta nó cistithe, an méid seo a leanas ina measc –
 - Coistí Cúram Leanaí Contae agus Cathrach,
 - an tAonad Beartas um Oideachas Luathbhlianta (an ABOLB),
 - an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ),
 - an Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS),
 - Pobal; agus
- » Gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile tacaíochta a dhéanann teagmháil le do sheirbhís, an méid seo a leanas ina measc –
 - eagraíochtaí ionadaíocha,
 - eagraíochtaí náisiúnta reachtúla, agus
 - eagraíochtaí náisiúnta deonacha do leanaí.

Léireofar i mbeartais do sheirbhíse a fealsúnacht agus a héiteas. Cuirfidh siad bealaí soiléire, comhaontaithe agus comhsheasmhacha ar fáil chun rudaí a dhéanamh.

Cabhraíonn beartais shoiléire, chomh maith, le pleanáil agus cinnteoireacht éifeachtach. Nuair a chuireann tú beartais ardchaighdeán i bhfeidhm, go héifeachtach, bíonn creidimh, luachanna agus cinntí do sheirbhíse oscailte agus trédhearcach dóibh siúd go léir a n-imríonn an soláthar seirbhíse tionchar orthu nó a imríonn tionchar ar an soláthar seirbhíse (na páirtithe leasmhara go léir).

Cabhróidh sé leat cleachtais éifeachtacha bhainistíochta agus oibríochtúla a choimeád trí beartais agus nósanna imeachta soiléire a scríobh síos faoin tseirbhís, chun cleachtais éifeachtacha bhainistíochta agus oibríochtúla a choimeád. Imreoidh seo tionchar suntasach ar gach leibhéal agus i ngach gné den chailíocht na seirbhíse a sholáthraíonn tú. Is fíor seo i measc na suíomhanna go léir, ach is fíor é, ach go háirithe, i measc suíomhanna níos mó, áit a bhféadfadh sé a bheith deacair amanna cur chuige comhsheasmhach a chinntiú i measc gach coda den tseirbhís.

Is tábhachtach a chinntiú go sásaíonn beartais do sheirbhíse luathbhlianta na riachtanais seo a leanas:

- » Na ceanglais reachtaíochta agus rialála go léir a chomhlíonadh nó a shárú;
- » Bheith oiriúnach don chuspóir dá mbeartaíodh iad;
- » Bheith réasúnta agus praiticiúil;
- » Luíonn siad le ciall i measc gach duine a n-imríonn siad tionchar orthu, go háirithe comhaltaí foirne (mar gheall go bhfuil siad freagrach as iad a chur i bhfeidhm) agus tuismitheoirí agus caomhnóirí;
- » Is féidir iad a chur i gcleachtas;
- » Treoir agus uirlisí a sholáthar chun beartais agus rialacha a chur i bhfeidhm;
- » Bheith cruinn agus an tuiscint reatha ar cháilíocht i gcleachtas a léiriú; agus
- » Bheith i bhformáid atá éasca le nuashonrú agus atá inrochtana.

Mír 3

.....

**Tosca a imríonn tionchar
ar bheartais**

Léirítear i do bheartais fealsúnacht na seirbhíse a sholáthraíonn tú. Leagtar amach iontu bealaí soiléire, comhaontaithe agus comhsheasmhacha chun rudaí a dhéanamh. Déanann siad riachtanais, creidimh, luachanna agus cinntí do sheirbhíse oscailte agus trédhearcach do chách.

Cabhraíonn sé le cleachtais éifeachtacha a choimeád trí bheith in ann tagairt a dhéanamh do bheartais agus nósanna imeachta scríofa nuair a bhíonn cinntí á bpleanáil nó a ndéanamh. Imríonn seo tionchar mór ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthraíonn tú.

Is iomaí toisc a imríonn tionchar ar conas a dhéanann tú beartais, nósanna imeachta agus ráitis do sheirbhíse a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Áirítear leo seo an méid seo a leanas:

Gnás agus cleachtas

Nuair nach bhfuil aon bheartais agus nósanna imeachta scríofa ann, nó nuair a bhíonn beartais míshoiléir, is gnách do ghnásanna nó noirm forbairt. Déantar cleachtas na seirbhíse de na gnásanna seo – “is é an bealach a rinneamar é riamh anall” – agus b’fhéidir go gcuireann nó nach gcuireann siad an cur chuige cuí nó fiú inghlactha is feasaí ar fáil.

Is tábhachtach go gcuireann tú cleachtas reatha san áireamh nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh agat ar cé acu an gá nó nach gá beartas a leasú nó a shoiléiriú nó cé acu an gá nó nach gá duit beartas nua a fhorbairt. Féach Mír 5 ar Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartais.

Luachanna

Imríonn na luachanna atá ag gach duine, bíodh siad scríofa nó a mhalairt, tionchar ar an mbealach a iompraímid. Cuireann luachanna comhaontaithe do sheirbhíse snáithe ar fáil atá le sonrú i ngach gné den bhealach a thugann sí faoina cuid oibre.

Léirítear luachanna sa mhéid a bhfuil do sheirbhís dírithe air – “conas a dhéanaimid agus nach ndéanaimid rudaí san áit seo” – agus is féidir iad a thabhairt faoi deara, mar shampla:

- » Sa bhealach a chaitheann agus a léiríonn do sheirbhís meas ar leanaí agus a dteaghlaigh.
- » Sa bhealach a chaitheann agus a léiríonn do sheirbhís meas ar chomhghleacaithe; agus
- » I stíl na bainistíochta.

D'fhéadfaí a áireamh leis na luachanna siúd, mar shampla, ionracas, oscailteacht, an fhoireann a thabhairt san áireamh agus dul i gcomhairle leis an bhfoireann, cluas cheart éisteachta a thabhairt dóibh agus dearcthaí daoine eile a thabhairt san áireamh.

Léirítear luachanna, chomh maith, sa mhéid a cheapann foireann do sheirbhíse atá ar na gnéithe is tábhachtaí den tseirbhís a sholáthraíonn do leanaí agus teaghlaigh. Ba cheart go n-áirítear leo seo:

- » Cearta leanaí a chosaint;
- » Cleachtas gairmiúil agus ardchaighdeáin;
- » Folláine mhothúcháinach, shóisialta agus fhisiciúil leanaí a chinntiú;
- » Eispéiris agus deiseanna cruthaitheacha agus saibhrithe súgartha agus foghlama a sholáthar do leanaí;
- » Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus caomhnóirí;
- » Cumarsáid mhaith dhá bhealach;
- » Idirghníomhú dearfach;
- » Tuiscint ar fhéiniúlacht agus muintearas; agus
- » Dea-rialachas agus dea-phleanáil.

Cabhróidh an bhileog oibre in Aguisín 1 leat chun do luachanna aonair agus do luachanna comhroinnte foirne a shainaithint.

Fealsúnacht, éiteas agus fíis

Ráiteas atá i bhfealsúnacht do sheirbhíse ar na luachanna agus na creidimh a threoraíonn conas a oibríonn sí. Tá fealsúnacht gach seirbhíse uathúil. Buntacaíonn sé le cinntí agus cleachtais laethúla gach duine atá bainteach in eispéiris ardchaighdeáin a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú. Buntacaíonn sé le beartais agus nósanna imeachta do sheirbhíse.

Tá ar fhealsúnacht do sheirbhíse tuiscint chomhpháirteach a léiriú ar an ról a ghlacann an tseirbhís i saol leanaí, teaghlach agus an phobail.

D'fhéadfadh gur deacair sainmhíniú a thabhairt ar éiteas nó cultúr do sheirbhíse ach bíonn sé an-dealraitheach do gach úsáideoir seirbhíse agus cuairteoir. Cuimsíonn sé atmaisféar seirbhíse atá bunaithe ar an bhfealsúnacht, an sraith creideamh, meonta agus luachanna a threoraíonn d'obair.

Léirítear seo san idirghníomhú idir daoine fásta, an t-idirghníomhú idir daoine fásta agus leanaí, idirghníomhú na leanaí lena chéile agus iompar na leanaí. Léirítear é i bhfreagairt mhothúcháinach gach linbh dá dtimpeallachtaí.

Nochtann sé féin an aird a thugtar ar shonraí, maisiúcháin ghinearálta agus timpeallacht fhisiciúil d'fhoirgnimh agus na gnéithe eile siúd de do sheirbhís atá infheicthe go soiléir.

Is ionann an fhís agus an fhís atá ag do sheirbhís don tréimhse amach romhainn má éiríonn léi ina misean (féach thíos).

Níl ort ráiteas físe a bheith agat. Má dhéanann tú an cinneadh chun ceann a scríobh, ba cheart dó díriú ar chroíchchreidimh agus idéil do sheirbhíse. Ba cheart dó a bheith gearr, simplí agus dírithe ar ardsprioc a bhaint amach. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh sé réalaióch, inbhainte amach agus ar aon dul le luachanna do sheirbhíse.

Ráiteas misin

Ní luaitear sna rialacháin gur gá duit ráiteas misin a chur le chéile. Díríonn ráiteas maith misin comhaltaí foirne do sheirbhíse, áfach, ar sprioc choiteann a bhaint amach agus cuireann se croíphrionsabail do sheirbhíse in iúl. Leagtar amach ann an méid a dhéanann do sheirbhís, conas a dhéanann é é, agus na daoine ar a bhfreastalaítear.

Tá ráiteas misin cosúil le compás a threoraíonn an bealach a thugann do sheirbhís faoina cuid oibre. Nuair a dhéantar tagairt dó nó nuair a dhéantar breithniú air go rialta, cabhraíonn sé leis na spriocanna nó na cinntí a dhéanann tú faoi do sheirbhís. Trí shainmhíniú a thabhairt ar luachanna nach dtagann athrú orthu go ginearálta, cuireann sé treoir ar fáil do chleachtais a d'fhéadfadh athrú le himeacht ama. Bealach áisiúil é le cuairteoirí chuig do sheirbhís a chur ar an eolas ar thiomantas d'fhoirne do chúram, oideachas, folláine agus d'fhorbairt na leanaí faoi do chúram.

Caithfear a léiriú i do ráiteas misin uathúlacht do sheirbhíse agus beidh míniú speisialta aige laistigh den suíomh sin a sháraíonn go mór an bhrí a bheidh aige i seirbhís eile.

Is fearr do ráiteas misin a choimeád simplí. Ba cheart go dtuigfeadh gach duine é agus go mbeadh cuimhne ag gach duine air. Nuair a bhíonn cur amach ag comhaltaí foirne ar na luachanna a chuirtear san áireamh sa ráiteas misin, is féidir leo cinntí a dhéanamh atá ar aon dul le misean comhaontaithe do sheirbhíse, a luachanna san áireamh.

Nuair a bhíonn beartais a bhforbairt nó á n-athbhreithniú, is tábhachtach go ndéanann tú breithniú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís á hoibriú ag an bhfoireann i gcomhréir lena ráiteas misin féin agus conas a dhéanann an fhoireann amhlaidh.

Cuimsítear i ráiteas misin seirbhíse an méid seo a leanas

Cuspóir	» Cad é cuspóir na seirbhíse? » Cad riachtanais a rachaidh an tseirbhís i ngleic leo?
Próiseas	» Cad a dhéanfaidh an tseirbhís chun dul i ngleic leis na riachtanais seo?
Daoine	» Cé a bhainfidh tairbhe as nuair a thugann an tseirbhís faoina cuspóir?
Luachanna	» Cén prionsabail nó creidimh a threoróidh obair na seirbhíse? » Cad iad luachanna an ghrúpa agus na seirbhíse?

Prionsabail

Prionsabail

Creideamh nó togra bunúsach atá i bprionsabal a nglactar leis amhail bheith fíor agus a leagann an bhunchloch faoin mbealach a dhéantar rud éigin.

I measc cuid de na prionsabail a bhaineann leis an earnáil luathbhlianta in Éirinn, tá prionsabail dea-bhunaithe agus atá curtha ar an eolas ag taighde de chuid Síolta agus Aistear. Féach ‘Foinsí Breis Faisnéise’ chun teacht ar fhaisnéis ar conas teacht orthu seo.

Tosca eile a imríonn tionchar ar bheartais agus nósanna imeachta

Imreoidh rogha curaclaim do sheirbhíse tionchar trom ar bheartais na seirbhíse. Mar shampla, léireofar i do bheartais cé acu má bhíonn an curaclam curtha ar an eolas ag Aistear – Creat an Churaclaim náisiúnta Luath-Óige; más cur chuige Ardscóipe, Montessori nó Steiner atá i gceist leis; nó má imríonn aon chur chuige eile a aithnítear go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta tionchar air, ar nós Reggio Emilia nó Te Whariki.

Tá breithnithe ginearálta eile ann ar cheart dóibh buntacú leis an mbealach a fhorbraíonn tú beartais agus nósanna imeachta do sheirbhíse, an méid seo a leanas ina measc:

- » Glacadh le cur chuige leanbhlárnach;
- » Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara go léir, na leanaí agus a dtuismitheoirí agus caomhnóirí ina measc;

- » Tiomantas do chleachtas atá bunaithe ar fhianaise agus caighdeán cháilíochta a chur i bhfeidhm;
- » Próifíl teaghlach sa cheantar áitiúil;
- » Saghas na seirbhíse – príobháideach nó pobal;
- » Aon fhorbairtí nó pleananna amach anseo don tseirbhís;
- » Faisnéis ardchaighdeán a shainaithint agus a fhoinsiú; agus
- » Láthair na seirbhíse.
- » Chomh maith leis sin, ba cheart duit machnamh ar chuimsiú agus breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:
 - Eitneacht;
 - Cothromaíocht inscne;
 - Riachtanais bhreise;
 - Cúlra socheacnamaíoch;
 - Éagsúlacht reiligiúnach;
 - Éagsúlacht teangeolaíochta;
 - Éagsúlacht chultúrtha;
 - Luaineacht leanaí agus teaghlach – an Lucht Siúil, dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn; agus
 - Struchtúir éagsúla theaghlaigh.

Comhionannas agus cuimsiú

Cuirtear toirmeasc sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 agus sna hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015 ar idirdhealú i bhfostaíocht, nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á soláthar, nuair a bhíonn cóiríocht á soláthar agus sa soláthar ag bunaíochtaí oideachais ar naoi bhforas:

- » Inscne;
- » Stádas pósta;
- » Stádas teaghlaigh;
- » Gnéaschlaonadh;
- » Creideamh;
- » Aois;
- » Míchumas;
- » Cineál; agus
- » Ballraíocht de phobal an Lucht Siúil.

Ba cheart go mbeadh comhionannas mar phríomhghné de gach beartas seirbhíse. Tá ort breithniú a dhéanamh ar na beartais seirbhíse go léir i gcomhthéacs na reachtaíochta anuas ar Bheartas Cuimsithe do sheirbhíse féin. Mar shampla, i do bheartas ar iontrálacha, an oibríonn tú beartas iontrálacha ‘tús freastail ar an duine is túisce’? Má oibríonn, b’fhéidir go ndéanann tú idirdhealú gan chuimhneamh in aghaidh daoine a bhog isteach sa cheantar le déanaí nó nach bhfuil an litearthacht nó na scileanna teanga nó an fhaisnéis acu a theastaíonn uathu chun teacht ar do sheirbhís.

Chun teacht ar bhreis faisnéise, féach *An Chairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige*. Áirítear leis treoir ar conas Beartas Cuimsithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Féach, chomh maith, an Treoir maidir le Beartas Cuimsithe a Fhorbairt, atá ar fáil ar líne ag: www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/ agus www.barnardos.ie/early-years-policies.html

Mír 4

.....

**Pleanáil agus próiseas
d'fhorbairt beartais**

Chun sraith ardchaighdeáin de bheartais, nósanna imeachta agus ráitis a chur le chéile a shásaíonn ceanglais rialála agus atá éifeachtach i dtacú le cleachtas ardchaighdeáin, tá ort glacadh le cur chuige pleanáilte i leith conas a fhorbraíonn tú iad.

Freagracht as beartais

Soláthraí cláraithe nó coiste bainistíochta

Tá an soláthraí cláraithe freagrach as a chinntiú go ndéantar beartais, nósanna imeachta agus ráitis a fhorbairt agus, ar an rud is tábhachtaí, go gcuirtear i bhfeidhm iad agus go n-athbhreithnítear iad.

I seirbhís phríobháideach, is gnách go mbeidh an t-úinéir i gceist leis seo. I ngníomhaireacht nó eagraíocht dheonach, is é an coiste bainistíochta an comhlacht rialaithe agus tá freagracht fhoriomlán bhainistíochta air. I gcás seirbhís pobail, tá freagracht fhoriomlán bhainistíochta uirthi. Ar an ábhar sin, tá an fhreagracht ar an gcoiste a chinntiú go bhforbraítear beartais agus nósanna imeachta lena chinntiú go gcuireann siad seirbhís ardchaighdeáin éifeachtach, éifeachtúil agus ardchaighdeáin ar fáil.

I gcleachtas, is é an coiste a dhéanann an fhreagracht seo a tharmligean, go ginearálta, do bhainisteoir na seirbhíse, ach bíonn an fhreagracht ar an soláthraí cláraithe i gcónaí as an bhforbairt beartais a mhaoirsiú agus a (h)ainm a chur leis. Tá an coiste freagrach, chomh maith, i ndeireadh na dála, as a chinntiú go gcuirtear beartais i bhfeidhm agus go n-athbhreithnítear iad. I gcleachtas, is gnách go ndéantar an phríomhfhreagracht seo a tharmligean don bhainisteoir.

Tá an soláthraí cláraithe (an t-úinéir nó an coiste) cuntasach don mhéid seo a leanas:

- » Úsáideoirí na seirbhíse – leanaí a dteaghlaigh;
- » Údaráis rialála – Tusla agus FSS agus gníomhaireachtaí stáit ábhartha eile;
- » Maoinitheoirí na seirbhíse – an Stát agus aon mhaoinitheoirí príobháideacha; agus
- » An pobal ina bhfuil an tseirbhís lonnaithe.

An duine i gceannas

Tá an soláthraí cláraithe nó an duine ainmnithe nó an duine i gceannas (bainisteoir na seirbhíse) freagrach, de ghnáth, freagrach as a chinntiú go bhfuil na beartais go léir:

- » Cothrom le dáta;
- » Oiriúnach don fheidhm; agus
- » Go ndéanann siad na riachtanais reachtaíochta agus rialála go léir a chomhlíonadh.

Caithfidh siad a chinntiú go bhfuil na beartais agus nósanna imeachta soiléir, curtha i láthair go maith agus go roinnte go cuí iad leis na comhaltaí foirne go léir, le tuismitheoirí agus caomhnóirí.

Tá an soláthraí cláraithe nó an duine i gceannas freagrach, chomh maith, freagrach as a chinntiú gur cuireadh an oiliúint leordhóthanach ar na comhaltaí foirne, sa chás gur cuí. Is amhlaidh atá seo lena chinntiú gur féidir leo beartais a chur i bhfeidhm go háirithe i limistéir chleachtais, ar nós cosaint leanaí, garchabhrach, láimhsiú agus cuimsiú.

Comhaltaí foirne

Tá gach comhalta foirne freagrach as beartais na seirbhíse a chur i bhfeidhm, faoi mar is cuí, dá róil.

Tuismitheoirí agus caomhnóirí

Ba cheart go mbeadh cur amach ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ar na codanna de bheartais agus nósanna imeachta a bhaineann go díreach leo. Iarrtar i mbeartais áirithe ar thuismitheoirí agus caomhnóirí chun dul i mbun gníomh ar leith. Mar shampla, b'fhéidir go n-iarrfaí orthu an méid seo a leanas a dhéanamh:

- » Lón sláintiúil dá leanbh, ar aon dul le beartas bia shláintiúil na seirbhíse; nó
- » Uachtar gréine agus hata dá leanbh, ar aon dul le riachtanais sláinte agus sábháilteachta na seirbhíse.

Tá ar thuismitheoirí agus caomhnóirí, chomh maith leis sin, iad féin a chur ar an eolas ar chur chuige na seirbhíse do thacú le scileanna sóisialta, mothúchána agus iompair leanaí a fhorbairt. Cuirfidh seo ar chumas tuismitheoirí agus caomhnóirí chun oibriú i gcomhar leis an tseirbhís agus comhsheasmhacht a chinntiú dá leanbh.

Beartais, nósanna imeachta agus ráitis bhunriachtanacha

D'fhéadfadh sraith chuimsitheach beartas a bheith ina thasc mór. Is tábhachtach liosta de bheartais tosaíochta a chur le chéile atá le forbairt ar dtús. Caithfidh gurb iad na chéad bheartais ar an liosta iad siúd a cheanglaítear ar gach soláthraí seirbhíse luathbhlianta faoin reachtaíocht agus rialáil. Leagtar amach i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 an liosta seo a leanas de bheartais a cheanglaítear.

Rialachas

- » Ráiteas cuspóra agus feidhme;
- » Gearáin;
- » Earcaíocht;
- » Asláithreacht foirne;
- » Oiliúint foirne;
- » Maoirseacht.

Sláinte, leas agus forbairt

- » Socrú isteach;
- » Iompar a bhainistiú;
- » Cuimsiú;
- » Bia sláintiúil;
- » Súgradh taobh amuigh;
- » Úsáid an idirlín agus gléasanna grianghrafadóireachta agus taifeadta.

Sábháilteacht

- » Cógais a dháileadh;
- » Timpistí agus teagmhais;
- » Rialú ionfhabhtuithe;
- » Codladh sábháilte;
- » Bainistíocht riosca – ráiteas sábháilteachta ina measc;
- » Údarú chun leanaí a bhailiú;
- » Sábháilteacht ó dhóiteán;
- » Turais.

I measc na mbeartas eile a d'fhéadfaí a cheangal i reachtaíocht nó i rialáil eile, mar shampla, tá fostaíocht, sláinte agus sábháilteacht agus cosaint sonraí. Tá an fhreagracht ar sholáthraí cláraithe a chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais go léir siúd.

Ráiteas um Chosaint Leanaí

Tá Ráiteas um Chosaint Leanaí bunriachtanach, chomh maith, lena chinntiú go ngníomhaítear i leith fhreagracht an tsoláthraí seirbhíse chun leas leanaí a chosaint go cuí.

Beartais agus nósanna imeachta inmhianaithe

Tá beartais agus nósanna imeachta eile ann atá inmhianaithe, cé nach dteastaíonn siad faoi na Rialacháin Luathbhlianta 2016. D'áireofaí le sraith beartas, nósanna imeachta agus ráiteas atá go hiomlán cuimsitheach, a bhaineann go sonrach le saghas do sheirbhíse, iad siúd atá bunriachtanach, anuas ar roinnt cinn eile, cé nach bhfuil siad bunriachtanach, i dtaobh cleachtas ar chaighdeán níos airde.

Féadfaidh beartais aonair nó beartais a chorpraítear laistigh de bheartais níos fairsinge a bheith i gceist le cuid de na beartais a cheanglaítear thuas. Mar shampla, is féidir Beartas um Shocrú Isteach a chur san áireamh i mBeartas Aistrithe níos fairsinge. Is féidir cuimsiú a chur san áireamh laistigh de Bheartas Aitheantais agus Muintearais níos fairsinge (Caighdeán 14 Síolta).

Má chuireann tú beartais a cheanglaítear san áireamh laistigh de bheartais eile, caithfidh tú na croíriachtanais rialála mhionsonraithe a chur san áireamh san aguisín ábhartha den Chreat Cáilíochta agus Rialála (an CCR).

Tá beartais eile a mholtar ann a chabhróidh leat chun cleachtas ardchaighdeán agus oibriú ardchaighdeán seirbhíse a fhorbairt agus chun cuid de na limistéir chleachtais a shainaithnítear thuas a chumhdach. Áirítear leo seo:

- » Comhpháirtíocht leis an mBeartas Tuismitheoirí (Síolta);
- » Beartas ar Idirghníomhú (Síolta);
- » Beartas ar Iontrálacha;
- » Beartas ar Aistrithe (Síolta);
- » Beartas ar Aitheantas agus Muintearas (Síolta);
- » Beartas ar Chomhairliúchán agus Cinnteoireacht;
- » Beartas Cumarsáide (Síolta);
- » Beartas Pleanála agus Forbartha;
- » Beartas ar Thaifid a Choimeád;
- » Beartas Rúndachta; agus
- » Beartas Nósanna Imeachta Airgeadais.

Níl an liosta breise seo críochnaitheach agus d'fhéadfadh beartais agus nósanna imeachta ar leith eile cabhrú leat chun tacaíocht bhreise a thabhairt do sholáthar ardchaighdeán in aon suíomh ar leith.

Comhairliúchán – na daoine ar cheart dóibh bheith bainteach i mbeartais a fhorbairt

Nuair a bhíonn beartais á bhforbairt agat, ba cheart duit gach duine a chur san áireamh atá bainteach i seirbhís (na páirtithe leasmhara go léir): leanaí; tuismitheoirí agus caomhnóirí; comhaltaí foirne; an soláthraí cláraithe; an bhainistíocht agus do choiste bainistíochta. Is tábhachtach, chomh maith, chun dul i gcomhairle le agus faisnéis a fháil ó ghníomhaireachtaí seachtracha, ar nós ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:

- » Do Choiste Cúram Leanaí Contae nó Cathrach áitiúil; agus
- » Eagraíochtaí náisiúnta deonacha, ar nós:
 - Barnardos,
 - Luath-Óige Éireann (LÓÉ),
 - Feighlíocht Leanaí na hÉireann,
 - Gaelscoileanna Teoranta,
 - An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise (an GNL).

(Féach ‘Foinsí Breis Faisnéise’ ag deireadh na cáipéise seo.)

Is féidir leo cabhrú leat lena chinntiú go bhfuil do bheartais ar aon dul leis an reachtaíocht agus rialáil reatha agus go léirítear iontu caighdeáin dea-chleachtais.

Baineann tábhacht le ról shoiléire

I suíomh mór seirbhíse, molaimid go sainaithníonn tú comhalta foirne a ghlacfaidh ceannas ar fhorbairt beartais nó ar athbhreithniú ar bheartais. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh an bainisteoir nó an duine i gceannas sa duine seo. Glacfaidh an bainisteoir ceannas ar bheartas a chur i bhfeidhm.

I seirbhísí níos lú, is gnách go mbeidh an t-úinéir nó an bainisteoir i gceist leis an duine a ghlacann an ról ceannais seo, ach d’fhéadfá an obair seo nó codanna de a tharmligean do bhall den fhoireann a bhain na cáilíochtaí oiriúnacha amach nuair a bhíonn breis agus comhalta foirne amháin ann.

Sa chás gur féidir, i suíomhanna níos mó, moltar go gcruthaíonn tú grúpa oibre beag nach bhfuil breis agus cúigear daoine ann. Cinntigh go dtuigeann iad siúd go léir a ghlacann páirt an próiseas agus go bhfuil dóthain ama acu don tasc.

Glacann sé roinnt ama chun forbairt agus athbhreithniú beartais a dhéanamh, mar sin, is áisiúil chun an tasc a bhriseadh ina phíosaí soláimhsithe ar féidir leis an bpríomhdhuine oibriú orthu (an t-úinéir/bainisteoir) i seirbhís níos lú nó an grúpa oibre i seirbhís níos mó agus inar féidir teagmháil leantach a dhéanamh le daoine eile chun aiseolas a fháil air. Beidh dea-phleanáil agus dea-bhainistiú le déanamh air seo ag an bpríomhdhuine.

Ba cheart don cheannasaí nó an grúpa ceannais teagmháil a leantach a dhéanamh le daoine eile san fhoireann chun aiseolas a fháil. Beidh ar an bpróiseas a bheith dea-phleanáilte.

Cé nach bhfuil sé bunriachtanach, is ionann agus dea-chleachtas é grúpa tagartha nó comhairleach de pháirtithe leasmhara a bhunú chun eolas a chur ar fáil don phróiseas nuair a bhíonn sraith nua de bheartais á bhforbairt agat ón mbonn aníos nó nuair a bhíonn beartais reatha á n-athbhreithniú agat. Is fiú a bheith oscailte chun glacadh le peirspictíochtaí malartacha agus smaointe nuálacha nó nua. Is féidir le soláthraithe príobháideacha agus pobail, idir soláthraithe beaga agus móra, é seo a dhéanamh.

Ionadaithe

Déan iarracht ionadaithe a chur san áireamh ó na grúpaí seo a leanas:

- » Tuismitheoirí agus caomhnóirí;
- » Comhaltaí foirne;
- » An bhainistíocht; agus
- » Gníomhaireacht tacaíochta a bhfuil saineolas aici ar oideachas agus cúram luathbhlianta, (féach 'Foinsí Breis Faisnéise').

Ní gá go dtagann an grúpa ionadaíoch seo le chéile – féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le gach duine díobh ar bhonn aonair chun tuairim nó aiseolas a fháil. Fiú i seirbhís ina bhfuil duine amháin nó beirt daoine, is féidir leat dul i gcomhairle le grúpa ina bhfuil ionadaithe tuismitheoirí nó daoine eile a mb'fhéidir go bhfuil aithne agat orthu ar féidir leo aiseolas cuiditheach a sholáthar – ar nós comhaltaí de líonra soláthraithe áitiúla.

Lorg tuairimí

Lorg tuairimí agus smaointe ó thuismitheoirí, caomhnóirí agus baill eile den phobal faoi bheartais agus nósanna imeachta na seirbhíse. Is féidir leat seo a dhéanamh trí thabhairt faoi na rudaí seo a leanas:

- » Comhráite laethúla;
- » Seisiúin faisnéise aonair teaghlaigh;
- » Clár fógraí idirghníomhach do thuismitheoirí;
- » Tráthnónta faisnéise;
- » Bosca moltaí;
- » Ríomhphoist: nó
- » Nuachtlitreacha.

Téigh i gcomhairle leis na leanaí

Déan machnamh ar na bealaí éagsúla inar féidir leat a dheimhniú leis na leanaí conas a d'fhéadfadh beartas tionchar díreach a imirt orthu. Mar shampla, an beartas a dhéileálann le tacú le scileanna iompair leanaí.

Tosca ar cheart breithniú a dhéanamh orthu do gach beartas

Tá roinnt ceisteanna ann ar gá duit machnamh a dhéanamh orthu nuair a bhíonn beartais nua á bhforbairt nó nuair a bhítear ag smaoineamh ar ghlacadh le beartais shamplacha nó iad a oiriúnú. Bealach áisiúil a d'fhéadfadh bheith i mbreithniú a dhéanamh ar na ceisteanna seo mar fhoireann chun an fhoireann iomlán a spreagadh bheith bainteach agus chun dul i gcomhairle leis an bhfoireann iomlán (bíodh foireann bheag nó mhór i gceist leis) sa phróiseas forbartha beartais.

Nuair a bhíonn do chomhaltaí foirne ar an eolas ar an smaoineamh agus ar an mbreithniú a rinneadh chun beartas a fhorbairt, tugann sé lámh chúnta a chinntiú go gcuirfear an beartas i bhfeidhm. Áirítear an méid seo a leanas leis na ceisteanna a bhfuil breithniú le déanamh orthu:

- » Cén réasúnaíocht atá leis an mbeartas?
- » Cad iad na riachtanais sheachtracha?
 - Reachtaíocht agus rialáil – cén reachtaíocht nó rialacháin a bhaineann leis an mbeartas seo?
 - Treoirínite – an bhfuil aon treoirínite náisiúnta ann maidir leis an limistéar seo cleachtais?
 - Cleachtas ardchaighdeán – cá féidir teacht ar fhaisnéis maidir leis na caighdeán cháilíochta do chleachtas maidir leis an limistéar beartais seo?
- » Cad is gá do leanaí foghlaim ón mbeartas seo? – is tábhachtach, ina thaobh seo, an méid seo a leanas a chur in iúl do gach duine a bhíonn bainteach le beartas a fhorbairt:
 - Caithfidh riachtanais agus cearta gach linbh a bheith ar an gcéad rud agus ar an bpríomhrud a dhéanann tú a chur san áireamh i ngach seirbhís do leanaí.
 - Ba cheart go mbeadh an soláthar luathbhlianta go léir leanbh-lárnach de réir éitis, beartas, cleachtas, curaclaim, áitribh, meonta agus timpeallachta;
 - Tá súgradh ar cheann de na heispéiris bhunriachtanacha d'aois an pháiste – agus tá baint lárnach aige le gach gné d'fhorbairt agus foghlaim leanaí óga; agus

- Tá oideachas agus cúram fite fuaite ina chéile go dlúth i bhforbairt iomlánaíoch linbh – caithfear an réadúlacht seo a léiriú in éiteas agus clár sheirbhísí oideachas agus chúram na luath-óige go léir.
- » Cad a theastaíonn ó thuismitheoirí agus caomhnóirí go mbainfidh an beartas seo amach?
- » Cad a theastaíonn ó chomhaltaí foirne ón mbeartas seo?
- » Cad a theastaíonn ón soláthraí cláraithe nó ón mbainistíocht i dtaobh an toraidh a bheidh ar an mbeartas seo a chur i bhfeidhm?

Déan breithniú, chomh maith, ar an méid seo a leanas:

Anuas ar na ceisteanna thuas, déan breithniú ar na ceisteanna seo a leanas nuair a bhíonn beartais á bhforbairt.

- » Conas a dhéantar éiteas agus fealsúnacht do sheirbhíse a choimeád agus a iompú ina chleachtas?
- » Cad a thugann an timpeallacht le fios faoi conas a léiríonn do sheirbhís luach ar a comhaltaí foirne agus iad siúd a úsáideann an tseirbhís?
- » Conas a dhéantar do sheirbhís a chomhtháthú isteach sa phobal agus cad a thugann sin le fios faoi conas a léirítear luach air agus conas a nglactar leis?
- » An bhfuil beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha ann chun freastal ar riachtanais do sheirbhíse?
- » An léirítear iontu aon phleananna chun do sheirbhíse a fhorbairt?
- » An bhfuil do bheartais ceannródaíoch, an bhfuil coinne acu le haon chás ar leith, nó an ndearnadh tearcfhorbairt orthu nó an é nár tháinig saincheisteanna chun solais go fóill a chruthódh údar lena bhforbairt?

Cuimhnigh, déanfaidh beartais, nósanna imeachta agus ráitis mhaithe an méid seo a leanas:

- » Ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh;
- » Bheith ar aon dul le prionsabail agus caighdeáin cháilíochta (féach, mar shampla, Síolta);
- » Déan breithniú ar na páirtithe leasmhara go léir (na leanaí, ach go háirithe, chomh maith le thuismitheoirí agus caomhnóirí, comhaltaí foirne agus an bhainistíocht);
- » Bheith réasúnta agus praiticiúil;
- » Treoir agus uirlisí a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm, agus do rialacha; agus
- » Bheith i bhformáid atá éasca le nuashonrú agus atá inrochtana.

An próiseas forbartha beartais

An próiseas forbartha beartais do sheirbhís mhór

Tugtar ar an gcairt ar an gcéad leathanach eile léargas ginearálta ar phróiseas forbartha beartais a mholtar do sheirbhís mhór.

Próiseas forbartha beartais a mholtar do sheirbhís mhór

Déan grúpa beartais a thionól

Ba cheart go mbeadh ionadaithe i measc tuismitheoirí agus caomhnóirí, fhoireann agus bhainistíocht na seirbhíse ag an ngrúpa seo – agus níor cheart go mbeadh breis agus cúigear sa ghrúpa, más féidir.

Limistéir bheartais a dtugtar tús áite dóibh a shainaithint agus faisnéis ábhartha a bhailiú ar ábhair bheartais

D'fhéadfaí a áireamh leis an bhfaisnéis beartais nó teimpléid shamplacha, ar nós iad siúd atá ar fáil ar líne ag www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/ agus www.barnardos.ie/early-years-policies.html

An réasúnaíocht agus na breithnithe a dheimhniú agus a scríobh

Féach na samplaí díobh seo a chuimsítear sna beartais ar líne.

Déan forbairt ar dhréacht 1 de na ráitis bheartais agus na nósanna imeachta gaolmhara

Scaip Dréacht 1 ar na daoine ábhartha go léir

Iarraidh aiseolas faoi dháta a shocraítear.

Déan an grúpa a thionól arís chun aon leasuithe riachtanacha a chomhaontú agus a dhéanamh

Iarr ar an úinéir/an coiste bainistíochta (soláthraí cláraithe) a n-ainm a chur le dréacht 2 den bheartas

Déan plean gníomhaíochta ar leith um chur i bhfeidhm a fhorbairt a luaithe a chuirtear ainm leis an mbeartas

Cuir na daoine ábhartha go léir ar an eolas air seo

Tabhair an beartas isteach i measc na foirne – déan oiliúint a phleanáil, más gá

Socraigh próiseas athbhreithnithe.

An próiseas forbartha beartais do sheirbhís bheagl seirbhís níos lú, nó más oibreoir aonair thú, b'fhéidir nach gá duit an próiseas foirmiúil den chineál sin a ndéantar cur síos air thuas a bheith agat. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeidh sé cabhrach ord na dtascanna a mholtar a leanúint. Ba cheart duit dul i gcomhairle go fairsing ar ábhar beartas lena chinntiú go gcumhdaíonn tú na breithnithe riachtanacha go léir.

Conas beartas a fhormaídiú

Tá sé tábhachtach struchtúr caighdeánach a bheith ag do bheartais go léir. Is féidir an teimpléad thíos a úsáid mar threoir maidir le conas beartais a struchtúró.

Teideal agus uimhir bheartais: roghnaigh ainm atá simplí agus tuairisciúil a dhóthain agus tabhair uimhir do gach beartais.

- 1. Réasúnaíocht agus breithnithe beartais:** Tabhair cuntas ar an gcúis atá leis an mbeartas. Cuir aon reachtaíocht ábhartha agus ceanglais rialála san áireamh, riachtanais leanaí, riachtanais teaghlach, riachtanais foirne agus riachtanais bhainistíochta ina measc. Sainaithin creataí náisiúnta ábhartha cáilíochta.
- 2. Sainmhínthe:** Cuir sainmhínthe ar fáil ar théarmaí a úsáideann tú nach n-úsáidtear ar bhonn laethúil, nó i gcás téarmaí a bhfuil ciall ar leith acu i gcomhthéacs an bheartais ar leith. Mar shampla, b'fhéidir go dteastóidh míniú ó théarmaí ar nós 'cúraclam', 'oideolaíocht', 'iomlánaíoch', 'oscailte' i measc roinnt páirtithe leasmhara.
- 3. Ráiteas beartais:** An ráiteas ar do phrionsabail, luachanna agus rún an bheartais. Is gnách go mbeidh seo sách gearr.
- 4. Nósanna imeachta agus cleachtais:** Tabhair cuntas ar na bearta ar leith atá le glacadh (ag comhaltaí foirne go ginearálta). Tugtar treoir shoiléir sa mhír seo ar conas do bheartas a chur i bhfeidhm.
- 5. Plean cumarsáide:** Tabhair cuntas ar conas a chuirfidh tú gach páirtí leasmhar ar an eolas ar ábhar an bheartais.
- 6. Beartais, nósanna imeachta agus foirmeacha gaolmhara:** Liostaigh na cáipéisí gaolmhara go léir. Mar shampla, beidh foirmeacha gaolmhara taifeadta ag do Bheartas Cógas agus bainfidh sé le beartais eile, ar nós do Bheartais ar Thurais.
- 7. Tagairtí, cáipéisí tacaíochta agus an reachtaíocht ghaolmhar:** Liostaigh aon reachtaíocht ábhartha agus treoracha cáilíochta a dtagraítear dóibh nuair a bhíonn an beartas á dhréachtú – is áisiúil seo a dhéanamh nuair a thugann tú faoi bheartas a athbhreithniú.

- 8. Cé ar cheart dó/di cloí leis an mbeartas seo?:** Luaigh go soiléir cé a bhfuil ról aige/aici chun an beartas a chur i bhfeidhm.
- 9. Gníomhartha atá le déanamh mura gcuirtear an beartas i bhfeidhm.**
- 10. Faisnéis teagmhála:** Cé a bhfuil teagmháil le déanamh leis/léi i do sheirbhís chun teacht ar bhreis faisnéise ar aon bheartas ar leith?
- 11. Cruthaíodh an beartas:** Dáta.
- 12. Sínithe:** Ba cheart do sholáthraithe cláraithe, úinéirí agus bainisteoirí a d'fhaomh an beartas agus na nósanna imeachta síniú.
- 13. Dáta athbhreithnithe:** Cathain a athbhreithneofar na beartais agus cé a dhéanfaidh é seo.

Mír 5

**Conas beartais a chur
in iúl agus a chinntiú go
gcuirtear i bhfeidhm iad
go comhsheasmhach**

Ní haon mhaitheas an lámhleabhar beartais is gairmiúla agus is cuimsithí a bheith agat mura bhfuil na beartais a chuimsítear ann á gcur i bhfeidhm. Ní bhaineann luach ar bith le lámhleabhar a fhágtar ar an tseilf agus nach ndéanann na comhaltaí foirne sa tseirbhís tagairt dó ar bhonn rialta.

Ba cheart go mbeadh cur amach ag gach duine, idir an soláthraí cláraithe nó an duine i gceannas agus an comhalta is lú taithí den fhoireann, ar na beartais atá tábhachtach. Ba cheart go mbeadh mic léinn nó oibrithe deonacha, tuismitheoirí agus caomhnóirí ar an eolas air seo, chomh maith.

Caithfear gach duine laistigh de do sheirbhís a bheith curtha ar an eolas go hiomlán, agus caithfidh siad a thuiscint a thábhachtaí atá sé go gcuirfear beartais i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Príomhchuid de chumarsáid fhoirmiúil i seirbhís luathbhlianta ar bith iad ráitis bheartais. Caithfidh cumarsáid faoi bheartais, nósanna imeachta agus ráitis a bheith soiléir, cruinn agus caithfear é a dhéanamh ar bhonn dhá bhealach.

Caithfidh úinéirí cloí lena beartais féin a luaitear. I bhfoirne, caithfidh gach comhalta foirne na beartais, nósanna imeachta agus ráitis ábhartha go léir a léamh agus a chur i bhfeidhm. I ngach seirbhís, cé acu mór nó beag, ba cheart tuismitheoirí agus caomhnóirí a spreagadh beartais, nósanna imeachta agus ráitis uile do sheirbhíse a léamh, agus cur amach a bheith acu orthu.

Caithfear gach duine atá bainteach a spreagadh agus an deis a thabhairt dóibh chun tuairimí a nochtadh go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil araon faoi bheartais do sheirbhíse agus chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht.

Cabhróidh straitéis struchtúrach chun beartais a chur in iúl leat a chinntiú go bhfuil faisnéis chruinn ar fáil do gach páirtí leasmhar. I seirbhís ar bith, beidh páirtithe leasmhara ann a bhfuil réimse fairsing leasanna, cumais agus tuisceana acu. Is féidir leis a bheith dúshlánach chun freastal orthu seo go léir.

Beartais a chur in iúl do chomhaltaí foirne

I seirbhísí beaga agus móra araon, príomhimreoirí iad an fhoireann go léir i mbeartais a chur i bhfeidhm.

Nuair a bhíonn foireann ann, ba cheart go mbeadh ionchur ag na baill foirne go léir i mbeartas a fhorbairt lena chinntiú go dtuigtear beartais go soiléir. Cabhróidh seo, chomh maith, chun tacú leis an bhfoireann fad a thugann siad faoi riachtanais laethúla na seirbhíse a chur i bhfeidhm. Nuair a bhíonn baint ghníomhach ag an bhfoireann nó ag an gcomhalta foirne aonair i bhforbairt na mbeartas, is dóchúla chun go nglacfaidh siad úinéireacht ar an bpróiseas. Tacóidh siad, ansin, leis agus tuigfidh siad an fáth a bhfuil sé tábhachtach.

B'fhéidir gur gá duit oiliúint a chur ar roinnt comhaltaí foirne nó na comhaltaí foirne go léir chun gur féidir leo roinnt beartas a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá an soláthraí cláraithe freagrach as a chinntiú go bhfuil an oiliúint riachtanach ar fáil.

Tá ort cruinnithe rialta a chur ar siúl le comhaltaí foirne chun athruithe ar bheartais a phlé. Deis mhaith é seo chun caint faoi conas a dhéanfar agus cé a dhéanfaidh aon athruithe a bheartaítear a chur i bhfeidhm agus chun caint faoi aon dúshlán a bheartaítear agus aon dúshlán a bhraitear.

Cabhróidh deiseanna chun an chiall atá ag aon athruithe a sheiceáil agus chun plé oscailte a dhéanamh ar a n-impleachtaí chun míthuiscintí a sheachaint. D'fhéadfadh an plé seo aon saincheist a thabhairt le fios a d'fhéadfadh an bhainistíocht a fhágáil ar lár. Tá baint lárnach ag an athbhreithniú agus forbairt beartais seo lena chinntiú go n-oibríonn beartais mar ba cheart.

Is féidir leat beartais a thabhairt chun solais laistigh den tseirbhís agus ag cruinnithe foirne agus maoirseachta araon.

- » **Mír chaighdeánach ar chlár cruinnithe a dhéanamh d'athbhreithniú beartais do chruinnithe** agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas éagsúil ag gach cruinniú. An mír ar chlár cruinnithe seo a úsáid chun beartas a phlé atá le hathbhreithniú, nó lena mheabhrú do gach duine faoi bheartas ar gá dóibh díriú ar leith air. D'fhéadfadh an tráth den bhliain a bheith mar chúis leis seo nó mar gheall ar shaincheisteanna a thagann aníos arís agus arís eile a bhaineann leis an mbeartas.
- » **Tabhair riachtanais bheartais ar leith ar aird** trí chóip den bheartas ábhartha a leagan taobh le tasc a bhaineann leis an mbeartas sin. Mar shampla, taispeáin cóip de do bheartas nósanna imeachta sláinte agus sláinteachais agus athraithe clúidíní sa limistéar athraithe clúidíní. Meabhróidh seo don fhoireann lena chinntiú gur gá dóibh na nósanna imeachta riachtanacha a leanúint nuair a athraíonn siad clúidíní. Ní féidir leo cloí leis na caighdeáin chearta sláinteachais agus chosanta ach ag an tráth sin nuair a athraíonn siad clúidíní.
- » **Deimhnigh cleachtais áirithe ag an tseirbhís** tríd an mbeartas ábhartha a thaispeáint sa limistéar cuí. Mar shampla, taispeántar an Beartas Bia Shláintiúil taobh leis an mbiachlár, nó cuirtear an Beartas Turas in airde taobh leis na sonraí faoi thuras a bheidh ag teacht aníos.
- » **Tabhair aird ar bheartas nua nó ar athrú ar bheartas** i bhfoireann seirbhíse níos mó trí spás a shocrú ar chlár fógraí na foirne dar teideal 'Beartais Nua'. Abair le comhaltaí foirne súil a chaitheamh ar an mbord pé uair a thaispeánann tú faisnéis nua ansin. Cuir bileog bhán pháipéir ar fáil chun gur féidir le baill foirne a dtuairimí a bhreacadh air.

- » **Bain triail as beartais agus nósanna imeachta nua a thabhairt isteach.** Iarr ar aiseolas ón bhfoireann agus ó thuismitheoirí agus caomhnóirí sula dtugann tú na hathruithe isteach.

Tacú le cur i bhfeidhm beartais i bhfoireann

Déan iarracht timpeallacht a chruthú ina gcuirtear beartas agus athruithe beartais i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach. Tabhair tacaíocht do chomhaltaí foirne a chuir na beartais i bhfeidhm.¹

- » **Tabhair beartais seirbhíse isteach i measc comhaltaí foirne nua.** Is tábhachtach a chinntiú go dtugtar beartais agus nósanna imeachta na seirbhíse isteach go cúramach i measc comhaltaí foirne nua i rith an phróisis ionduchtúcháin. I seirbhís mhór, cabhróidh sé má sholáthraíonn tú meantóir nó cara chun tacú leis an gcomhalta foirne nua. Ba cheart go mbeadh an duine seo ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt nó chun soiléiriú a thabhairt ar nósanna imeachta caighdeánacha agus ar dhea-chleachtas eiseamláire. Cabhróidh seo leis an gcomhalta foirne nua cur amach a bheith aige/aici ar bheartais seirbhíse agus cabhróidh sé a chinntiú go gcuireann siad iad i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- » **Leag tascanna agus ualaí oibre réalaíocha amach.** Is tábhachtach mínithe soiléire a thabhairt faoi bheartais nó nósanna imeachta nua agus a chinntiú go mbíonn dóthain ama agus na scileanna ag comhaltaí foirne chun na beartais a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Cuirfidh monatóireacht leanúnach agus maoirseacht thacúil ionchais shoiléire, aiseolas láithreach agus ionraic agus spreagadh dearfach ar fáil do chomhaltaí foirne de réir mar a oibríonn siad chun aon athruithe a chur i bhfeidhm.
- » **Cinntigh go bhfuil beartais agus nós imeachta scríofa go soiléir.** Is iad beartais agus nósanna imeachta an treoir maidir le conas a thabharfar faoi gach gné d'obair do sheirbhíse. Cinntigh go bhfuil nósanna imeachta scríofa soiléire agat a thuigeann na baill foirne go léir go hiomlán. Tacóidh seo leo fad a chuireann siad na beartais seirbhíse i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- » **Cuir róil agus freagrachtaí soiléire ar fáil.** Bí soiléir faoi cé a ghlacfaidh le freagracht as cad, agus an duine ar cheart do chomhaltaí foirne tuairisciú leo. Baineann bunriachtanas leis seo mar gheall gur féidir le mearbhall

¹ Liosta curtha in oiriúint ó: Bileog Leideanna Beartais: A chinntiú go gcuirtear beartais i bhfeidhm go comhsheasmhach. Treoir maidir le Forbairt Beartais an NCAC do Sheirbhísí ar fuarthas rochtain orthu ó www.echr.edu.au/docs/default-source/resources/ipsp/ensuring-policies-are-consistently-implemented-policy-tip-sheet.pdf?sfvrsn=6

eascair as easpa soiléireachta i scóip agus freagracht an phoist agus in ionchais daoine eile. Luaigh go soiléir ról agus freagrachtaí, go háirithe i bhfoireann mhór. Cabhróidh seo leis an bhfoireann an suíomh atá acu i reáchtáil laethúil na seirbhíse agus fios a bheith acu ar cé atá freagrach as gach gné de chur i bhfeidhm beartais.

- » **Spreag an fhoireann chun ceisteanna a thabhairt chun solais faoi conas ba cheart dóibh beartais a chur i bhfeidhm.** Déan seo trí idirghníomhú neamhbhagrach agus cuimsitheach. Spreag an fhoireann chun tacú lena chéile chun caighdeáin dea-chleachtais a chur i bhfeidhm.
- » **Cinntigh go soláthraíonn tú deiseanna d'aiseolas leanúnach agus cumarsáid dhá bhealach idir an bhainistíocht agus an fhoireann.** Baineann bunriachtanas leis seo mar gheall go gcabhróidh sé leis an mbainistíocht agus le comhaltaí aonair foirne nuair a bhraitheann siad gur gá dóibh aon saincheisteanna nó buarthaí a thabhairt chun solais faoi conas atá an beartas le cur i bhfeidhm. Is fearr is féidir le comhaltaí foirne chun aiseolas a thabhairt don bhainistíocht faoi aon dúshlán nó saincheisteanna a d'fhéadfadh beartas a chur i bhfeidhm a chruthú.
- » **Déan deiseanna forbartha gairmiúla a phleanáil go bhfoghlaimíodh an fhoireann faoi dhea-chleachtas reatha i limistéir chleachtais ar leith.** Tacaigh le smaointe nua agus spreag an fhoireann chun taighde a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar chleachtais éagsúla. Gnóthaíonn foireann dhea-oilte an saineolas agus an t-eolas lena thabhairt faoi deara nuair a thiteann droch-chleachtas amach. Bíonn an mhuinín acu, chomh maith leis sin, chun tacú lena gcomhghleacaithe chun luach a léiriú ar dhea-chleachtas. B'fhéidir go dteastóidh sainoiliúint ó chomhaltaí foirne chun roinnt beartas a chur i bhfeidhm. Mar shampla, cosaint leanaí, láimhsiú, agus cógais a thabhairt.
- » **Cuir ábhair ábhartha acmhainní ar fáil chun tacú le beartas a chur i bhfeidhm.** Cuir acmhainní breise ar fáil a chúltaíonn agus a thacaíonn le beartais. Tabhair dóthain faisnéise do chomhaltaí foirne chun beartais a chur i bhfeidhm go rathúil. Spreagfaidh seo iad chun iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Do bheartais a chur in iúl do thuismitheoirí agus caomhnóirí

Sula gcláraítear leanbh le do sheirbhís, caithfidh tú an fhaisnéis a thabhairt do thuismitheoirí agus caomhnóirí an linbh a theastóidh uathu. Áirítear leis seo na fíricí a theastaíonn uathu chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu do sheirbhís a

roghnú nó gan é a roghnú agus chun tuiscint a fháil ar conas go bhfuil súil leis go dtabharfaidh siad faoi chomhpháirtíocht leis an tseirbhís chun freastal ar riachtanais a linbh. Dea-chleachtas atá ann an fhaisnéis seo a roinnt i bhfoirm lámhleabhair do thuismitheoirí agus caomhnóirí.

Cinntigh go bhfuil na ráitis bheartais atá dírithe go mór ar thuismitheoirí agus caomhnóirí ar fáil gan stró dóibh agus do d'fhoireann go léir.

I measc na faisnéise is gá duit a roinnt le thuismitheoirí agus caomhnóirí, tá an méid seo a leanas:

- » Fís agus misean do sheirbhíse.
- » Na prionsabail a chuireann eolas ar fáil don tseirbhís a sholáthraíonn tú.
- » Faisnéis teagmhála.
- » Faisnéis ar sholáthar foirne – do chóimheas foirne agus ainmneacha agus cáilíochtaí na gcomhaltaí foirne, saghas na seirbhísí a sholáthraíonn tú agus raon aoise na leanaí ar a bhfreastalaíonn tú.
- » Faisnéis faoi do chlár agus an cur chuige a úsáideann tú chun do churaclam a chruthú (mar shampla, faisnéis ar Aistear: Creat an Churaclaim Luath-Óige).
- » Ráitis bheartais (achóimrí) ar bheartais a bhaineann go díreach le thuismitheoirí agus caomhnóirí, do bheartais ar an méid seo a leanas, ach go háirithe:
 - Ráiteas cuspóra agus feidhme;
 - Gearáin;
 - Cógas a dháileadh;
 - Rialú ionfhabhtuithe;
 - Iompar a bhainistiú;
 - Codladh sábháilte;
 - Cuimsiú;
 - Turais nuair a thugtar leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar na turais seo;
 - Timpistí agus teagmhais;
 - Údarú chun leanaí a bhailiú;
 - Bia sláintiúil;
 - Súgradh taobh amuigh;
 - Úsáid an Idirlín agus gléasanna grianghrafadóireachta agus taifeadta; agus
 - Socrú isteach

Ionchais a bhainistiú

Is áisiúil do thuismitheoirí agus caomhnóirí, chomh maith, má chuireann tú faisnéis ar fáil ar an méid seo a leanas:

- » Na gnáthaimh agus saghsanna na ngníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil do na leanaí.
- » An méid ba cheart do thuismitheoirí nó caomhnóirí a thabhairt leo.
- » An méid ba cheart agus nár cheart do na leanaí a thabhairt leo ón mbaile.
- » Faisnéis faoin gcóras ‘príomhdhuine’ agus an córas chun faisnéis a mhalartú go rialta faoin leanbh idir thuismitheoirí/caomhnóirí agus an fhoireann.
- » Léaráid de leagan amach an ionaid (tá seo áisiúil i gcás foirgneamh mór).
- » Uaireanta agus laethanta oscailte.
- » Costais agus muirir nó táillí (más infheidhme).
- » Faisnéis faoin struchtúr bainistíochta.
- » Ráiteas lena dheimhniú go bhfuil an tseirbhís cláraithe le Tusla agus cá féidir teacht ar an tuarascáil chigireachta is déanaí.
- » Ráiteas ar cé acu an ndéanann nó nach ndéanann Cigireacht Luathbhlianta na Roinne Oideachais agus Scileanna cigireacht ar an tseirbhís agus cá féidir teacht ar an tuarascáil chigireachta.
- » Faisnéis faoi leibhéal idirchaidrimh na seirbhíse le Síolta – an Creat Náisiúnta Cáilíochta d’Oideachas Luath-Óige (más ann dó).
- » Faisnéis faoi conas a dhéanann an tseirbhís idirchaidreamh le heagraíochtaí nó gníomhaireachtaí ábhartha eile agus a dhéanann sé nasc leis an bpobal áitiúil.
- » Taifead a choimeád agus socruithe do thuismitheoirí agus caomhnóirí chun teacht a bheith acu ar thaifid a linbh.

Déan breithniú ar an bhfaisnéis is tábhachtach agus áisiúil do gach thuismitheoir nó caomhnóir a bheith ar eolas acu agus, freisin, ar an méid a bhfuil súil leis go ndéanfaidh thuismitheoirí nó caomhnóirí leis an bhfaisnéis.

Coimeád simplí é

Tá ort an fhaisnéis a sholáthar faoi do sheirbhís i réimse formáidí chun go mbíonn teacht ag gach duine air. B’fhéidir go mbeidh roinnt teachtaireachtaí simplí agus gearra a chur i láthair ar bhealach mealltach i gceist leis seo. Nuair a bhíonn faisnéis á soláthar, tá ort breithniú a dhéanamh ar riachtanais chultúrtha, teanga agus litearthachta teaghlach sa phobal.

Cuimhnigh nach mbeidh gach thuismitheoir agus caomhnóir in ann teacht gan stró ar do chumarsáid scríofa chaighdeánach.

Tá ábhair na hÁisíneachta Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (an NALA) áisiúil

Cuireann an NALA, an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, leideanna ar fáil chun d'ábhair a dhéanamh níos éasca le léamh agus le tuiscint, go háirithe do dhaoine fásta a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu www.nala.ie/resources/writing-and-design-tips.

Chomh maith leis sin, cuireann an NALA seirbhís eagarthóireachta i mBéarla neamhchasta ar fáil. Bealach atá i mBéarla neamhchasta chun faisnéis a chur i láthair a chabhraíonn le duine é a thuiscint an chéad uair a léann siad nó a chloiseann siad é. Féach www.simplyput.ie/plain-english-editing chun teacht ar bhreis faisnéise.

Cuireann an ÚNM acmhainní inrochtaineachta ar fáil

Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (an UNM) acmhainní ar fáil, chomh maith, chun cabhrú le faisnéis a dhéanamh inrochtana do chách. Tá seo ar fáil ag nda.ie/Resources/Accessibility-toolkit/Make-your-information-more-accessible/

B'fhéidir go mbeidh ort suí síos le roinnt tuismitheoirí agus caomhnóirí agus na príomhráitis bheartais a phlé leo (na cinn a chuirtear san áireamh i do lámhleabhar do thuismitheoirí agus caomhnóirí, ach go háirithe). Spreag iad chun ceistanna a chur. D'fhéadfá machnamh a dhéanamh, chomh maith, ar chuid de do phríomhráitis bheartais a rinneadh a thaifeadadh mar phodchraoladh do thuismitheoirí agus caomhnóirí.

Fillteán nó lámhleabhar beartais

Tá ort d'fhillteán nó lámhleabhar beartais a choimeád in áit ar féidir teacht air. Is féidir leis seo a bheith i gcruachóip nó i bhformáid leictreonach. Ba cheart go mbeadh cruachóip ar fáil gan stró. Má úsáideann tú leagan leictreonach, cinntigh go bhfuil sé ar fáil gan stró ar líne.

Caithfidh fios ag bheith acu siúd go léir siúd a úsáideann, a oibríonn in nó a bhainistíonn an tseirbhís ar an áit a bhfuil d'fhillteán beartais agus a bheith in ann dul i gcomhairle leis ag aon tráth. Beidh ort do lámhleabhar a nuashonrú ó thráth go chéile. Pé uair is gá duit é seo a dhéanamh, déan na hathruithe go foirmiúil trí phróiseas athbhreithnithe beartais do sheirbhíse.

Molaimid duit do lámhleabhar beartais a fhorbairt mar seo a leanas

- » Leathanach cumhdaigh ar a bhfuil ráiteas misin na seirbhíse.
- » Leathanach ábhair.
- » An Ráiteas Cuspóra agus Feidhme.
- » Faisnéis faoi Sholáthar Foirne (ainmneacha agus róil bhaill foirne ina measc).
- » Na cáipéisí beartais, nósanna imeachta agus ráiteas (a bhfuil formáid agus leagan amach caighdeánach acu go léir) agus atá in ord faoi:
 - Beartais rialachais,
 - Beartais sláinte, leasa agus forbartha, agus
 - Beartais sábháilteachta.
- » Liosta de na beartais go léir ar a bhfuil an dáta a rinneadh an nuashonrú ba dhéanaí agus na dátaí a phleanáiltear an chéad athbhreithniú eile.

Tá teimpléad thíos chun liosta de gach beartas seirbhíse agus dátaí dá n-athbhreithniú a chur i gcuntas.

Beartais seirbhíse agus na dátaí dá n-athbhreithniú

Limistéar beartais	Nósanna imeachta agus foirmeacha	An dáta scríofa	Dáta an athbhreithnithe

Mír 6

.....

Beartais a athbhreithniú

Ceanglaítear i Rialachán 14 de na Rialacháin Luathbhlianta 2016 go gcinntíonn an soláthraí cláraithe go ndéantar athbhreithniú ar cháilíocht agus sábháilteacht an chúraim agus na seirbhíse a sholáthraítear do leanaí **ar a laghad uair sa bhliain**. Measúnú foirmiúil is ea an t-athbhreithniú seo ar an tseirbhís, a beartais, nósanna imeachta agus ráitis ina measc.

Caithfidh tú taifead a choimeád ar an athbhreithniú ar feadh trí bliana.

Is é an cuspóir atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartais go leanann siad ag freastal go leordhóthanach ar riachtanais do sheirbhíse agus na leanaí agus na dteaghlach a úsáideann í. Chun seo a dhéanamh, caithfear an reachtaíocht, an rialáil agus na caighdeáin cháilíochta is cothroime le dáta a chur san áireamh.

Beidh Cigirí Luathbhlianta Tusla ag iarraidh eolas a bheith acu ar na rudaí seo a leanas faoi do sheirbhís.

- » Tá na beartais aici a cheanglaítear faoi na Rialacháin Luathbhlianta, 2016, agus faoi aon leasuithe ar na rialacháin chéanna.
- » Tá beartais aici ina leagtar amach go soiléir an méid a theastaíonn (nósanna imeachta soiléire).
- » Cinntíonn an tseirbhís gur féidir le comhaltaí foirne teacht gan stró ar na beartais riachtanacha.
- » Cinntíonn an tseirbhís gur cuireadh aon oiliúint ar chomhaltaí foirne a theastaíonn uathu chun beartas a chur i bhfeidhm agus go ndéantar a n-oiliúint a nuashonrú nuair is gá.
- » Cinntíonn an tseirbhís gur fios do gach ball foirne a ról agus freagrachtaí féin agus iad siúd de chuid daoine eile.
- » Cinntíonn an tseirbhís gur fios do gach comhalta foirne an méid is gá dóibh a dhéanamh chun do bheartais a chur i bhfeidhm ag gach tráth.
- » Tá beartais ag an tseirbhís ina léirítear an cleachtas ardchaighdeáin cothrom le dáta.
- » Tugann an tseirbhís an fhoireann san áireamh in athbhreithnithe beartais.

Conas beartais a athbhreithniú

Ba cheart monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar gach beartas. Chun seo a dhéanamh, teastaíonn uait fianaise a bhailiú faoi cé chomh héifeachtach atá do bheartais. Úsáid an fhianaise seo chun aon athruithe riachtanacha ar an mbeartas a dhéanamh nó ar an mbealach a chuirtear na hathruithe i gcleachtas.

Comhaltaí foirne agus tuismitheoirí nó caomhnóirí a spreagadh chun tuairim a nochtadh go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil araon ar bheartais na seirbhíse. Ba cheart comhaltaí foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh chun cur leis an mbealach a oibríonn beartais agus nósanna imeachta. Ba cheart dóibh a bheith in ann páirt a ghlacadh sna cinntí a dhéanann an bhainistíocht faoi athruithe a dhéanamh ar na beartais agus nósanna imeachta.

Nuair a athbhreithníonn tú beartais agus nósanna imeachta, tugann seo an deis do gach duine atá páirteach chun dúshlán a chur roimh a chéile agus chun an malartú smaointe seo a úsáid chun feabhas a chur ar chleachtas. Chomh maith leis sin, tugann sé an deis duit chun ceisteanna machnamhacha a úsáid chun cabhrú le d'fhoireann fadhbanna a shainaithint agus chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar éifeachtacht a gcleachtais reatha laethúil agus ghairmiúil.

Seo roinnt ceisteanna ar cheart duit machnamh a dhéanamh orthu.

- » An bhfuil an cleachtas reatha éifeachtach?
- » Ar tugadh aon bhuarthaí nó saincheisteanna chun solais faoin gcleachtas?
- » Cén smaoineamh atá faoin mbealach a dhéanaimid sin?
- » Conas a imríonn cleachtas tionchar ar leanaí, teaghlaigh agus páirtithe leasmhara eile?
- » An ndéantar cur síos ar an gcleachtas sna nósanna imeachta a bhaineann leis an tseirbhís ina hiomláine agus le comhaltaí foirne aonair, teaghlaigh agus an bhainistíocht?
- » An léirítear cur chuige ár seirbhíse ann (ár bhfís, misean, agus prionsabail)?
- » An bhfuil an cleachtas comhsheasmhach lenár gcreidimh, luachanna agus fealsúnacht?
- » Ar thugamar faoi an bealach sin i gcónaí?
- » An bhfreastalaíonn an cleachtas ar riachtanais na leanaí agus na dteaghlach go léir?
- » Cad a tharlaíonn i seirbhísí eile? Cén fáth go ndéanann siad é sin?
- » An bhfuil an fhaisnéis a bhailítear don bheartas agus an cleachtas ábhartha go fóill?
- » An bhfuil faisnéis taighde, treochtaí, reachtaíocht nó rialacháin ann a rinneadh le déanaí ar gá iad a chur leis an mbeartas i dtaca leis an gcleachtas?
- » Cad ba cheart leanúint leis nó a shíneadh agus cad a d'fhéadfaí a athrú?
- » Má athraímid ár mbeartas, caith agus conas ba cheart dúinn an t-athrú a athbhreithniú agus a mheasúnú?

Caithfidh an duine i gceannas cabhrú le tuismitheoirí agus caomhnóirí chun aiseolas a thabhairt ar a dtuairim faoi cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhíse a sholáthraíonn tú.

Déanann comhaltaí foirne teagmháil laethúil le teaghlaigh agus tuismitheoirí/ caomhnóirí agus is féidir leo aiseolas a thabhairt ar aon deacrachtaí a bhféadfadh beartas nó nósanna imeachta do sheirbhíse a bheith á gcruthú do theaghlaigh. Is féidir le comhaltaí foirne cabhrú le teaghlaigh agus iad a spreagadh chun a mbuarthaí a thabhairt chun solais leat go pearsanta.

Is iad na príomhcheisteanna atá le cur san áireamh nuair a bhíonn beartais á n-athbhreithniú

- » An bhfuil an beartas oiriúnach don chuspóir dá mbeartaíodh é?
- » An bhfuil an beartas á chur i bhfeidhm go héifeachtach?
- » An bhfuil sé comhsheasmhach le riachtanais seirbhíse reatha?
- » An gcomhlíonann nó an sáraíonn an beartas an reachtaíocht, na rialacháin agus na treoirlínte reatha, Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016, ach go háirithe?
- » An léirítear sa bheartas caighdeáin chleachtais cháilíochta lena nglactar, ar nós Caighdeáin Cháilíochta náisiúnta Síolta?
- » An bhfreastalaíonn sé ar riachtanais reatha leanaí, tuismitheoirí/chaomhnóirí, foirne agus na bainistíochta?

Tacóidh an Bhileog Oibre um Athbhreithniú Beartais in Aguisín 2 le do sheirbhís sa phróiseas athbhreithnithe beartais, agus uirlis roghnach a bheidh sa chlár a mholtar a thugtar in Aguisín 3 a d'fhéadfadh cabhrú leat Cruinnithe na Foirne Athbhreithnithe Beartais a phleanáil.

Tá ort sraith beartais agus nósanna imeachta ardchaighdeán a bheith i bhfeidhm agat chun seirbhís luathbhlianta atá éifeachtúil, éifeachtach agus gairmiúil a reáchtáil. Tá súil againn go gcabhraíonn an treoir seo leat chun na beartais dhaingne seirbhíse seo a fhorbairt. Tá súil againn, ach go háirithe, go gcabhraíonn sé leat agus le daoine eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- » Beartais a dtugtar tús áite dóibh a shainaithint;
- » Breithniú a dhéanamh ar na riachtanais go léir atá ag páirtithe leasmhara;
- » Iad siúd go léir a thabhairt san áireamh a chuireann go dearfach leis an bpróiseas;
- » A chinntiú go bhfuil an fhaisnéis agus na hacmhainní riachtanacha acu;
- » Beartais agus nósanna imeachta soiléire a scríobh;
- » Iad a chur le chéile i lámhleabhar a chuirtear i láthair go maith; agus
- » Cinntigh gurb eol do gach duine ar cheart dóibh cur amach a bheith acu ar na beartais agus gurb eol dóibh, chomh maith, conas iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach – áirítear leis seo monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu faoi mar is gá.

Gabhann samplaí agus teimpléid leis an treoir seo do bheartais, nósanna imeachta agus ráitis. Acmhainní iad seo atá in ainm is tacú leat fad a fhorbraíonn tú na beartais a theastaíonn do do sheirbhís.

Tá na beartais shamplacha a chuireamar ar fáil, i gcásanna áirithe, níos fairsinge ná an méid a theastaíonn ach áirítear leo limistéir chleachtais a bhaineann go díreach leo. Cuirtear ar fáil iad mar acmhainn faisnéise. Cuireann na samplaí agus na teimpléid faisnéis, treoir agus foclaíocht mholta ar fáil ar féidir iad a úsáid nuair a bhíonn beartais, nósanna imeachta agus ráitis á scríobh a bhaineann go sonrach le gach seirbhís agus suíomh. Is féidir leat teacht ar shamplaí agus teimpléid ag:

- » www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/; agus www.barnardos.ie/early-years-policies.html

Aguisíní

.....

Aguisín 1: An bhileog oibre luachanna a shainaithint

Bronnann luachanna brí agus cuspóir ar an méid a dhéanaimid, mar sin, buntacóidh do luachanna le gach gné den tseirbhís. Úsáid an bhileog oibre thíos chun cabhrú leat luachanna aonair agus foirne araon.

Lean na céimeanna thíos:

1. Déan athbhreithniú ar na luachanna a liostaítear – tabhair na spásanna bána faoi deara ag an mbun, is féidir leat aon luachanna a iontráil iontu seo a cheapann tú atá tábhachtach ach nach bhfuil sa liosta.
2. Cuir réalta taobh le gach ceann de na luachanna atá tábhachtach duit do do ghrúpa nó seirbhís, aon luachanna breise ar chuir tú leo ina measc. Do liosta luachanna pearsanta a bheidh ann seo.
3. Glac idir dhá agus trí nóiméad chun an liosta a ghiorrú anuas go dtí ocht luach trí na luachanna a scríosadh amach nach bhfuil chomh tábhachtach céanna nó trí chiorcal a tharraingt timpeall ar na cinn is tábhachtaí.
4. Ansin giorraigh an liosta anuas go dtí cúig cinn.
5. Agus, ar deireadh, roghnaigh na trí chroíluach is tábhachtaí duit.
6. Pléigh na luachanna go léir a roghnaigh tú mar fhoireann agus déan comhaontú ar luachanna foirne.

Liosta luachanna		
Muintearas	Sláinte	Freagracht
Cúram	Folláine mhothúchánach	Ceartha
Dúshlán	An Teaghlach	Riosca
Athrú	Féiniúlacht	Sábháilteacht
Rogha	Neamhspleáchas	Slándáil
An Pobal	Pearsantacht	Íogaireacht
Comhsheasmhacht	Suimeanna	Spioradáltacht
Cumarsáid	Eolas	Caighdeáin
Comhoibriú	Foghlaim	Láidreacht
Cruthaitheacht	Teanga	Smaointeoireacht
Iontaofacht	Nádúr	Iontaoibh
Forbairt	Riachtanais	Éagsúlacht
Disciplín	Cothú	Folláine fhisiciúil
Oideachas	Deiseanna	Obair
Taitneamh	Comhpháirtíocht	Cinn Eile:
Comhionannas	Súgradh	
Sármhaitheas	Féidearthachtaí	
Taiscéaladh	Cumas	
An Teaghlach	Cosaint	
Spraoi	Cáilíocht	
Fás	Caidreamh	
Sonas	Meas	

Aguisín 2: Bileog oibre athbhreithnithe beartais

Tacóidh an Bhileog Oibre Athbhreithnithe Beartais thíos le do sheirbhís fad a athbhreithníonn tú beartais athbhreithnithe.

1. Déan athbhreithniú ar gach ceann de do bheartais reatha trí bhreithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

An mbaineann an beartas a chuspóir amach?

Ar tháinig aon athruithe ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil a imríonn tionchar ar an mbeartas?

Cén fhaisnéis nua atá ar fáil ar chleachtas ardchaighdeán (féach 'Foinsí Breis Faisnéise' ag deireadh na cáipéise seo.) An imríonn sé tionchar ar an mbeartas?

Ar tháinig aon athruithe ar an reachtaíocht, ar rialáil nó ar threoirlínte a imríonn tionchar ar an mbeartas?

An bhfuil na torthaí dírithe go príomha ar riachtanais na leanaí agus na dteaghlach a úsáideann an tseirbhís?

An bhfreastalaíonn na beartais ar riachtanais chomhaltaí foirne na bainistíochta?

An úsáidtear formáid chomhsheasmhach ar fud lámhleabhar/fhillteán beartas na seirbhíse?

An dtuigeann daoine a róil agus freagrachtaí maidir le riachtanais an bheartais?

An bhfuil na nósanna imeachta agus/nó na foirmeacha comhsheasmhach leis an mbeartas agus an leordhóthanach iad le cur i bhfeidhm iomlán agus éifeachtach a chinntiú?

An bhfuil an beartas comhsheasmhach le ráiteas misin luaite na seirbhíse, agus lena chuspóirí agus luachanna?

Ar tháinig aon athruithe ar an mbainistíocht nó ar an struchtúr soláthair foirne a imríonn tionchar ar an mbeartas?

An bhfuil an friotal a úsáidtear cothrom le dáta?

An bhfuil an beartas á chur i bhfeidhm go cuí?

Nuair a bhíonn na beartais athbhreithnithe agat i gcomhthéacs na gceisteanna thuas, lean ar aghaidh mar seo a leanas:

2. Breac síos nótaí faoin athbhreithniú

Cuir an méid seo a leanas san áireamh:

- » Moltaí do leasuithe, más gá nó
- » Athbhreithniú agus leasú níos cuimsithí ar an mbeartas, más gá.

Cuir spriocdháta san áireamh do bharúlacha ón ngrúpa comhairleach páirtithe leasmhara.

3. Cuir an nóta 'Beartas á Athbhreithniú' leis na beartais reatha fad a bhíonn an próiseas ar bun.

4. Déan 'Dáta an athbhreithnithe' agus 'Sínithe' a chur i gcuntas ar bheartais fhaofa, anuas ar 'Dáta don chéad athbhreithniú eile'.

5. Déan leasuithe ar bheartais a dhréachtú, faoi mar is gá.

Bronn iad seo ar an ngrúpa tagartha go nochtar tuairimí fúthu. Nuair a dhéantar comhaontú ar leasuithe, scríobh an leagan deiridh atá marcáilte ag 'Dáta athbhreithnithe', 'Sínithe' agus 'Dáta don chéad athbhreithniú eile'.

Caithfidh an soláthraí cláraithe, ar gnách gurb é cathaoirleach an choiste bainistíochta i seirbhís pobail nó an t-úinéir i seirbhís phríobháideach, a (h) ainm a chur le haon leasuithe.

6. Na cásanna inar gá athbhreithniú níos cuimsithí a dhéanamh ar bheartais:

- » I seirbhís mhór, déan an obair a bhaineann le leagan nua den bheartas a shannadh do ghrúpa oibre nó do dhuine aonair a bhfuil an scil, an t-eolas agus an fhaisnéis riachtanach aige/aici.
- » Déan athbhreithniú ar an mbeartas reatha le cinneadh a dhéanamh faoi cén codanna (más ann dóibh) is mian leat a choimeád.
- » Scríobh chéad dréacht den bheartas nua agus scaip é ar na daoine seo a leanas go dtabharfaidh siad a dtuairimí faoi:
 - an coiste bainistíochta i seirbhís pobail;
 - an soláthraí cláraithe nó an bainisteoir i seirbhís phríobháideach; agus
 - an grúpa comhairleach páirtithe leasmhara (más ann dó).
- » Déan aon athruithe riachtanacha agus cuir an dréacht deiridh i láthair an tsoláthraí chláraithe – a bhféadfadh coiste bainistíochta nó úinéir seirbhíse a bheith i gceist leis an duine seo – go gcuirfidh sé/sí a (h) ainm leis.
- » Déan dáta don chéad athbhreithniú eile ar an mbeartas a shannadh.

7. Nuair a dhéantar comhaontú ar na beartais, cinntigh go ndéantar iad a chur chun cinn.

Cuir iad in iúl do gach duine atá bainteach sa tseirbhís iomlán. Cuir san áireamh iad i do phlean ionduchtúcháin.

8. Plean gníomhaíochta a chur le chéile a thacóidh le cur i bhfeidhm na mbeartas.

9. Déan breithniú ar na himpleachtaí oiliúna agus forbartha do chomhaltaí foirne agus don bhainistíocht. Cinntigh go gcuirtear an oiliúint chuí orthu agus go dtugtar an tacaíocht chuí dóibh.

10. Coimeád liosta de na beartais agus nósanna imeachta, foirmeacha agus cáipéisí eile gaolmhara go léir, chomh maith leis na dátaí a scríobhadh iad agus na dátaí athbhreithnithe a bheartaítear.

11. B'fhéidir gur gá athbhreithniú a dhéanamh, chomh maith, ar ábhair an lámhleabhair do thuismitheoirí agus caomhnóirí chun aon athruithe a léiriú a tháinig ar bheartais nó nósanna imeachta.

12. Cinntigh go bhfuil an leagan is cothroime le dáta de bheartais ar fáil agus go gcoimeádtar leaganacha níos sine in áit shábháilte agus inrochtana d'fhonn nach mbeidh aon mhearbhall faoi cén leagan atá á úsáid.

Aguisín 3: Cruinnithe foirne athbhreithnithe beartais

Is féidir an clár thíos a úsáid do chruinnithe foirne athbhreithnithe beartais i seirbhís níos mó (curtha in oiriúint ó Child Australia, 2012).

An chéad chruinniú – tosú

1. Déan cinneadh ar na baill foirne agus eagraigh an chéad chruinniú.
2. Cuir na cáipéisí go léir le chéile a theastaíonn uait, do bheartais, rialacháin agus treoracha cleachtas cáilíochta reatha (go háirithe Creat Cáilíochta agus Rialála Tusla agus lámhleabhar Síolta).
3. Déan tobsmaoineamh ar na teidil agus na míreanna atá le cur san áireamh chun an beartas a chur san áireamh nó a nuashonrú san fhillteán beartas.
4. Déan cinneadh ar an méid atá le cur san áireamh. Cuir do bheartais reatha i gcomparáid le riachtanais nua agus sainaithin aon bhearnaí.
5. Forbair plean gníomhaíochta agus leag amfhrámaí réalaíochta amach chun beartais a fhorbairt nó a athbhreithniú chun gur féidir dul i ngleic leis na bearnaí seo.
6. Roinn an t-ualach oibre i measc baill foirne
7. Déan comhaontú ar cén foirmeacha is gá a nuashonrú agus sann freagracht.
8. Déan comhaontú ar sceideal cruinnithe.
9. Déan cinneadh ar cé eile ar gá dóibh bheith bainteach. Déan breithniú ar roinnt saineolas 'seachtrach' a thabhairt isteach.

An dara cruinniú – athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtbheartais

1. Cuir dréachtbheartais ar fáil don fhoireann roimh an gcruinniú chun go dtabharfaidh siad a dtuairimí agus aiseolas orthu.
2. Déan plé agus comhaontú ar athruithe atá le déanamh.
3. Más cuí, déan cásanna súgartha a thástáil nó a rólimirt lena shamhlú conas a d'oibreodh nósanna imeachta i gcleachtas.
4. Tabhair cuireadh d'aiseolas ar an gcéad dréacht ó chomhaltaí an ghrúpa tagartha
5. Déan cinneadh faoi cé acu na dréachtbheartais a thaispeáint agus/nó cá dtaispeánfar iad chun go dtabharfaidh an fhoireann, na teaghlaigh agus páirtithe leasmhara ábhartha eile tuairimí fúthu.
6. Déan athbhreithniú agus comhaontú ar na foirmeacha agus an t-ábhar nuashonraithe eile
7. Deimhnigh na chéad chéimeanna eile.

Cruinnithe breise – feabhas leanúnach

- 1.** Cuir an chéad dréacht ar fáil roimh an gcruinniú.
- 2.** Déan comhaontú ar na hathruithe deiridh.
- 3.** Cuir ainm le foirmeacha nuashonraithe.
- 4.** Lean beartas do sheirbhíse chun ainm a chur le beartas. Déan pleanáil ar conas a dháilfear an beartas, mar shampla, cruachóipeanna a thaispeáint ar chlár fógraí, leagan pdf a sheoladh ar ríomhphost chuig teaghlaigh agus lámhleabhair tuismitheora. Treoirínte maidir le cur i bhfeidhm agus próiseas measúnaithe a fhorbairt.

Foinsí breis faisnéise

Barnardos

Cearnóg Theampall Chríost, Baile Átha Cliath 8

Guthán: 01 454 9699

R-phost: resources@barnardos.ie
nó training@barnardos.ie
www.barnardos.ie

Tús Níos Fearr

25-28 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

Guthán: 01 511 7888

R-phost: enquiries@betterstart.ie
www.pobal.ie/BetterStart/Pages/Home.aspx

Feighlíocht Leanaí na hÉireann

An 1ú hUrlár, 39 Bóthar Loch Garman
An tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin

Guthán: 01 287 8466

Ríomhphost: support@childminding.ie
www.childminding.ie

Roinn an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

Block 1, Miesian Plaza, 50-58 Baggot Street Lower, Dublin 2

Guthán: 01 647 3000

R-phost: contact@dcya.gov.ie
www.dcy.gov.ie

Luath-Óige Éireann

Teach Hainault, Cearnóg Belgard,
Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24

Guthán: 01 4057100

R-phost: info@earlychildhoodireland.ie
www.earlychildhoodireland.ie/about/

An tAonad Oideachas agus Beartas Luathbhlianta

Block 1, Miesian Plaza, 50-58 Baggot Street Lower, Dublin 2

Guthán: 01 647 3050 / 647 3250

R-phost: earlychildhood@education.gov.ie
www.education.ie/en/The-Department/Management-Organisation/Early-Years-Education-Policy-Unit.html

Gaelscoileanna Teoranta

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9.

Guthán: +353 (0)1 853 5195

R-phost: oifig@gaelscoileanna.ie
www.gaelscoileanna.ie/en/

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Foirgneamh Metropolitan,
Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

Guthán: 1890 289 389 (idir 9am agus 12.30pm, ó Luan go hAoine)

R-phost: wcu@hsa.ie
www.hsa.ie

An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise

Aonad 10D, M-TEK 1

Cnoc an Chonnaidh, Muineachán
Contae Mhuineacháin

T: 047 72469

R-phost: info@ncn.ie
www.ncn.ie

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)

35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2

Guthán: 01 661 7177

R-phost: info@ncca.ie

www.ncca.ie

Tusla - Cigireacht Luathbhlianta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach

R-phost: info@tusla.ie

www.tusla.ie

Is féidir teacht ar shonraí teagmhála don Chigire Luathbhlianta i do cheantar ag

www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-inspectors/

Coistí Cúram Leanaí Contae nó Cathrach

Is féidir teacht ar shonraí teagmhála do choistí Cúram Leanaí Contae nó Cathrach ag

www.pobal.ie/FundingProgrammes/EarlyEducationandChildcare/Pages/CCCs.aspx

Láithreáin ghréasáin áisiúla eile

- » Síolta - siolta.ie/
- » Aistear - ncca.ie/en/early-childhood/aistear
- » Treoir Chleachtais Aistear Síolta - aistearsiolta.ie/en/
- » An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) - nala.ie/
- » An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (an ÚNM) - nda.ie/

